



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2016
(OR. en)

11316/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0223 (COD)**

**ASILE 26
CODEC 1076**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Iúil 2016
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2016) 466 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 466 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2016) 466 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2016
COM(2016) 466 final

2016/0223 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad.

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Comhthéacs an togra agus cúiseanna leis

Tá an tAontas Eorpach ag obair i dtreo beartais imirce atá comhtháite, inmharthana agus iomlánaíoch bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus roinnt chothrom freagrachtaí agus ar féidir a chur i bhfeidhm in aimsir shuaimhneach agus chorráitheach araon. Ó glacadh leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce,¹ tá an Coimisiún Eorpach ag obair le bearta a chur i bhfeidhm le dul i ngleic láithreach leis na dúshlán phráinneacha agus fad-téarmacha a bhaineann le sruthanna imirce a bhainistiú go héifeachtach agus go cuimsitheach.

Tá an Comhchóras Eorpach Tearmainn bunaithe ar rialacha a chinníonn an Ballstát atá freagrach as iarratasóirí ar cosaint idirnáisiúnta (lena n-áirítear bunachar sonraí um méarlorg tearmainn), caighdeán choiteanna le haghaidh nósanna imeachta tearmainn, coinníollacha fáilte, aithint agus cosaint tairbhíthe cosaint idirnáisiúnta. Ina theannta sin, tacaíonn an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn tríd an gComhchóras Eorpach Tearmainn a chur i bhfeidhm.

D'ainneoinn an dul chun cinn suntasach atá déanta leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt, tá difríochtaí suntasacha ann idir na Ballstáit maidir leis na nósanna imeachta a mbaintear úsáid astu, na coinníollacha fáilte a thugtar d'iarratasóirí agus an cineál cosanta a thugtar do thairbhíthe cosaint idirnáisiúnta. Cuireann na difríochtaí le gluaiseachtaí tánaisteacha agus le siopadóireacht tearmainn, cruthaíonn siad tosca tarraingthe agus sa deireadh cruthaíonn siad dáileadh éagothrom i measc na mBallstá maidir leis an bhfreagracht le cosaint a thabhairt dóibh siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

Léirigh an leibhéal ard daoine a tháinig chun na hEorpa le gairid go bhfuil gá le córas tearmainn atá éifeachtach agus éifeachtúil lena bheith cinnte go ndéantar freagracht a roinnt go cothrom agus go himmharthana idir Bhallstáit, ionas go mbeidh coinníollacha iomchuí de chaighdeán maith fáiltithe ar fud AE, le héilimh ar thearmann ar phróiseáil a lóistáiltear go gasta agus go héifeachtach, agus caighdeán na gcinntiú a dhéantar a chinntiú ionas go bhfaigheann siad siúd a mbíonn cosaint idirnáisiúnta uathu í go héifeachtach. Ag an am céanna, ní mór do AE dul i ngleic le gluaiseachtaí mírialta agus dainséaracha agus deireadh a chur le samhail ghnólachta smuigléirí. Chuige seo, ní mór plé le hiarratais tearmainn ó dhaoine nach bhfuil i dteideal cosaint idirnáisiúnta, ar lámh amháin, go gasta agus ní mór na himircigh seo a chur ar ais go gasta. Ar an lámh eile, ní gá bealaí sábháilte agus dlíthiúla a oscailt dóibh siúd chuig AE ó thríú tíortha a bhfuil cosaint uathu. Tá sé mar chuid freisin mar chomhpháirtíocht níos leithne le tíortha tosaíochta bunaidh agus iompair.

Ar an 6 Aibreán 2016, leag an Coimisiún amach a chuid tosaíochtaí le haghaidh athchóiriú struchtúrach ar an gCreatlach Eorpach tearmainn agus imirce ina Chumarsáid 'Towards a reform of the Common European Asylum System and enhancing legal avenues to Europe',² inar léiríodh na céimeanna éagsúla ba cheart a ghlacadh i dtreo beartas Eorpach tearmainn atá níos cothroime agus níos éifeachtúla i dteannta le beartas dlíthiúil imirce atá bainistithe níos fearr.

¹ COM(2015) 240 final.

² COM(2016) 197 final.

Ar an 4 Bealtaine 2016, chuir an Coimisiún i láthair an chéad sraith de thograí chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú maidir le trí thosaíocht atá ainmnithe ina Chumarsáid: córas inmharthana Bhaile Átha Cliath a bhunú leis an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann a oibriú amach³, an córas Eurodac a athneartú le monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar ghluaiseachtaí tánaisteacha agus leis an troid in aghaidh imirce mhírialta a éascú⁴ agus Gníomhaireacht cheart Eorpach Tearmainn a bhunú lena Chinneadh go bhfeidhmeoidh an córas Eorpach tearmainn mar is ceart⁵. Ba iad na tograí seo na chéad pháirteanna i dtreo athchóirithe ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn.

Leis an dara beart, tá an Coimisiún ag cur i gcrích an athchóirithe ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn trí ceithre thogra bhreise a ghlacadh: togra ag cur Rialacháin in áit Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn⁶, ag comhoiriúnú na socruithe reatha éagsúla nósanna imeachta i ngach Ballstát agus fíor-nós imeachta coiteann a chruthú; togra lena gcuirtear in ionad na Treorach maidir le Cáilitheacht⁷ Rialachán⁸ lena leagtar síos caighdeáin aonfhoirmeacha le go n-aithneofaí daoine a bhfuil cosaint uathu agus na cearta a thugtar do thairbhíthe cosaint idirnáisiúnta chomh maith le togra a dhéanann athbhreithniú ar an Treoir um Choinníollacha Glactha⁹ chun coinníollacha fáiltithe a chomhoiriúint in AE, agus chun deiseanna lánpháirtithe iarratasóirí a mhéadú agus chun gluaiseachtaí tánaisteacha a laghdú. Sa deireadh, ag leanúint ar an tiomantas chun bealaí dlíthiúla chuig AE a mhéadú de réir mar a fógraíodh ar an 6 Aibreán 2016, tá an Coimisiún ag moladh freisin go mbíonn creatlach struchtúrtha athlonnaíochta Aontais ann, ag bogadh i dtreo cur chuige níos bainistithe maidir le cosaint idirnáisiúnta in AE, ag cinntiú bealaí sábháilte atá in ord chuig AE le haghaidh daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta uathu, agus an aidhm leis ná na dreasachtaí le haghaidh teacht isteach mírialta a laghdú de réir a chéile¹⁰.

Cuid riachtanach d'athchóiriú cuimsitheach an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn atá sna tograí seo agus tá siad fite fuaite fríd a chéile. Anois agus an dara cuid seo de na tograí reachtúla ag athchóiriú an *acquis* tearmainn, tá gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn comhtháite, bunaithe ar rialacha coiteanna, comhoiriúnaithe atá éifeachtach agus cosantach, go hiomlán de réir Choinbhinsiún na Ginéive, anois le plé.

Tá an Comhchóras Eorpach Tearmainn atáimid ag déanamh tuilleadh forbartha air idir éifeachtach agus éifeachtúil agus ceaptha le cóineasú iomlán idir na córais náisiúnta tearmainn a dheimhniú, ag laghdú dreasachtaí le haghaidh gluaiseachtaí tánaisteacha, ag neartú muinín as a chéile idir Bhallstáit agus ag cruthú córais Bhaile Átha Cliath atá ag feidhmiú go héifeachtach.

Deimhníonn sé, cibé áit ina mbíonn siad in AE, go gcaitear le hiarrthóirí tearmainn ar bhealach cothrom agus iomchuí. Cuireann sé ar fáil na huirliisí atá ag teastáil le haithint ghasa na ndaoine a bhfuil fíorchosaint idirnáisiúnta uathu go gasta a dheimhniú chomh maith leo siúd nach bhfuil riachtanais chosanta acu a chur ar ais go gasta. Tá sé fláithiúil dóibh siúd is mó atá i mbaol agus dian maidir le mí-úsáid a d'fhéadfaí a bheith ann, agus tá meas aige ar chearta bunúsacha. Tá an comhchóras cost-éifeachtúil agus solúbtha go leor le dul in oiriúint do na dúshlán chasta atá an Ballstáit sa réimse seo.

³ COM(2016) 270 críoch.

⁴ COM(2016) 272 críoch.

⁵ COM(2016) 271 críoch.

⁶ IO L 180, 29.6.2013, lch. 60.

⁷ IO L 337, 20.12.2011, lch. 9.

⁸ IO L [...], [...], lch. [...].

⁹ IO L [...], [...], lch. [...].

¹⁰ IO L [...], [...], lch. [...].

Cuspóirí an togra reatha seo

Leagann an Treoir maidir le Cáilitheacht amach critéir le haghaidh iarratasóirí bheith i dteideal tearmainn agus cosaint choimhdeach, agus cearta le haghaidh daoine a bhaineann leas as na stádais sin. In ainneoin go raibh an Treoir athmhúnlaithé atá ann cheana maidir le Cáilitheacht¹¹ ina cuidiú chun na rialacha náisiúnta a chomhfhogasú, dealraíonn sé go bhfuil difríochtaí ann go fóill sna rátaí aitheantais idir Bhallstáit agus go bhfuil easpa cóineasaithe ann maidir le cinntí faoin gcineál stádais chosanta a thugann gach Ballstát¹². Ina theannta sin, tá difríocht mhór idir bheartais na mBallstát maidir le fad na gcead cónaithe a thugtar, agus baineann sé seo le rochtain ar chearta freisin. Ar a bharr sin, ní bhaintear úsáid chorásach as na forálacha reatha maidir le stádais a scor, rud a fhágann nach i gcónaí a dheimhíonn na Ballstáit go dtugtar cosaint idirnáisiúnta a fhad atá an riosca géarleanúna nó dochair mhóir ann agus ar feadh an ama sin amháin, cé go bhfuil forálacha i ndlí an Aontais Eorpaigh maidir leis sin. Sa deireadh, tá cuid de na rialacha sa Treoir maidir le Cáilitheacht, a thugann comhchritéir chun iarrthóirí a aithint, de chineál roghnach dá réir (i.e.: freagracht an iarrthóra bunús a thabhairt leis an iarratas, na rialacha a bhaineann le measúnú ar chosaint inmheánach, forais roghnacha aistarraingthe) agus is mó rogha a thugann siad do na Ballstáit.

Léiríonn na difríochtaí thuas sna rátaí glactha agus sna leibhéil chearta sna córais náisiúnta tearmainn atá ceangailte leis na stádais chosanta dá réir an gá le cur chuige níos comhoiriúnaithe. Is féidir leis na difríochtaí seo dreasachtaí a chruthú le haghaidh iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta tearmann a éileamh i mBallstát ina meastar go bhfuil na cearta agus na rátaí glactha sin níos airde ná Ballstát eile in áit an Bhallstáit a bheadh freagrach as a gcuid iarratas de réir rialacha Bhaile Átha Cliath. Ar a bharr sin tá gá le dul i ngleic le gluaiseachtaí tánaisteacha tairbhíthe cosaint idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann trí chlárú go bhfuil siad i dteideal fanacht sna Ballstáit a thug cosaint dóibh.

Mar gheall ar easpa seiceála ar an ngá leanúnach le cosaint is amhlaidh gur cosaint bhuan *de facto* a bhíonn ann agus cruthaíonn sé, dá réir, dreasacht bhreise dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta uathu teacht chuig AE in áit tearmann a lorg in áiteanna eile, lena n-áirítear na tíortha atá níos cóngaraí dá dtíortha dúchais.

Mar gheall ar an ngá le comhchuibhiú agus réimse na n-athruithe atá molta, moltar Rialachán a chur in áit na Treorach atá ann faoi láthair. Toisc na hinfheidhmeachta dírí a bhaineann leis cuirfidh an t-athrú seo le tuilleadh cóineasú agus cinnteoidh sé comhsheasmhacht leis an Treoir maidir le nósanna imeachta Tearmainn atá molta freisin.

Mar gheall ar an méid thuas, tá an togra dírithe air:

¹¹ Treoir 2011/95/AE maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (athmhúnla) (dá ngairtear an “Treoir athmhúnlaithé maidir le Cáilitheacht”)

¹² Mar shampla, le linn na tréimhse idir Eanáir agus Meán Fómhair 2015, d’athraigh na rátaí aitheantais le haghaidh iarrthóirí tearmainn ón Afganastáin ó beagnach 100% san Iodáil go 5.88% sa Bhulgáir (Eurostat). Maidir leis na difríochtaí idir an cineál stádais tugtha, léirigh sonraí EASO don 2 ráithe de 2015 go raibh an Ghearmáin (99%), an Ghréig (98%) an Bhulgáir (85%) ag tabhairt stádais dídeanaí do beagnach gach náisiúnach Siríach, ach gur thug Málta (100%), an tSualainn (89%) an Ungáir (83%) agus Poblacht na Seice (80%) stádas cosanta coimhdí dóibh. https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Quarterly-Asylum-Report-2015_Q2_Final.pdf.

1. **Tuilleadh Comhchuibíú ar an gcomhchritéir** le hiarrthóir a ghlacadh le haghaidh cosaint idirnáisiúnta trí rialacha níos saintreoraí a sholáthar agus na cinn reatha roghnacha a athrú maidir leis an bhfreagracht atá ar an iarrthóir bunús a thabhairt leis an iarratas, measúnú ar roghanna eile de chosaint idirnáisiúnta agus na forais le stádas a bhaint ar shiúl sa chás ina mbíonn an tairbhí cosaint idirnáisiúnta ina bhgairt de shlándáil an Bhallstáit nó má cúisíodh é i gcoir thromchúiseach.
 2. **Tuilleadh Cóineasú ar chinntí tearmainn** ar fud AE trí thabhairt ar údarais chinntitheach na mBallstát, agus measúnú á déanamh ar iarratais acu, an chomhanailís agus Treoir a ghlacadh ar an stádas sa tír thionscnaimh, tugtha ar leibhéal an Aontais ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus na líonraí Eorpacha um fhaisnéis faoi thíortha tionscnaimh de réir na bhforálacha nua sa Rialachán molta ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann¹³.
 3. Ag áirithiú nach ndeonaítear cosaint ach amháin ar feadh fhad na tréimhse ina maireann forais le haghaidh dochair thromchúisigh, gan cur isteach ar ionchais imeasctha an duine. Forchuireann an togra seo oibleagáidí ar na Ballstáit tabhairt faoi athbhreithniúcháin chórasacha agus rialta stádais sa chás ina mbíonn athruithe suntasacha sa tír thionscnaimh agus an uair atá sé beartaithe acu na ceadúnais chónaithe a athnuachan a chur in iúl, le haghaidh na ndídeanaithe céaduaire agus le haghaidh na dtairbhithe céaduaire agus dara uaire cosaint choimhdeach. Ag an am céanna, laistigh de chreatlach a n-inchailitheachta ar chosaint, tá sé riachtanach go gcuireann Ballstáit chun cinn lánpháirtíú tairbhithe ina sochaí. I dtaca leis seo, soiléiríonn an togra réimse cearta agus oibleagáidí tairbhithe cosaint idirnáisiúnta. Tugann sé dreasachtaí freisin chun glacadh leo go gníomhach agus tugtar cosaint trí ligean do na Ballstáit coinníollacha a chur le cúnamh sóisialta faoi leith a bhronnadh maidir le rannpháirtíocht éifeachtach i mbearta lánpháirtíochta de réir an Phlean Gníomhaíochta um Lánpháirtíocht¹⁴. Sa deireadh, ní bheidh cinntí a chuireann deireadh le stádas dídeanaí nó stádas cosaint choimhdeach i bhfeidhm ach i ndiaidh tréimhse de thrí mhí a fhad is go bhfuil deis éifeachtach ag daoine ar baineadh a stádais ar shiúl iarratas a chur isteach ar stádas dlíthiúil eile, ar nós cúinsí a bhaineann le fostaíocht.
 4. **Aghaidh a thabhairt ar gluaiseachtaí tánaisteacha tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta**, tríd na hoibleagáidí ar thairbhí fanacht sa Bhallstát a bhfuil cosaint tugtha aige agus dísdhreasuithe breise a chur ar fáil tríd an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha¹⁵ a leasú, tríd an áireamh ar chónaí dlíthiúil a thosú in athuair sa chás ina n-aimsítear an tairbhí i mBallstát eile gan an ceart cónaí ná fanacht ann.
 5. **Tuilleadh comhchuibhiú ar chearta tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta**, go háirithe maidir le bailíocht agus formáid na gcead cónaithe agus trí réimse chearta agus oibleagáidí tairbhithe a shoiléiriú, go háirithe maidir le slándáil shóisialach agus le cúnamh sóisialach.
- **Comhsheasmhacht le soláthair reatha bheartais sa limistéar beartais**

¹³ COM (2016) 271 críoch.

¹⁴ COM (2016) 377 final.

¹⁵ Treoir na Comhairle 2003/109/EC dar dáta 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, IO L 16, 23.1.2004, lch. 44–53.

Tá an togra seo, mar a bhí leis an moladh a tháinig roimhe an Treoir athmhúnlaith maidir le Cáilitheacht, ina chuid riachtanach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn agus tá sé go hiomlán comhsheasmhach leis na chéad tograí chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú a cuireadh i láthair ar an 4 Bealtaine 2016 agus le tograí leis na Treoracha um Nósanna Imeachta Tearmainn agus Coinníollach Glactha, chomh maith le Rialachán a dhéanamh den cheann deiridh, agus moladh le córas struchtúrtha athlonnaithe Aontais a bhunú.

Tógann an togra ar fhorálacha an togra le haghaidh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann sa mhéid go gcuireann sé oibleagáid ar na údaráis chinntitheacha na mBallstát glacadh san áireamh, agus iarratais ar thearmainn á meas acu, an tír thionscnaimh a bhailíonn sé agus an anailís agus Treoir choiteann atá le heisiúint ag an nGníomhaireacht ar fhaisnéis de chineál seo ón tír thionscnaimh. Ar a bharr sin, tá na hathruithe suntasacha ábhartha san anailís agus Treoir choiteann seo leagtha amach mar thruicéir chun athbhreithniú a dhéanamh ar stádas tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta.

Maidir le cearta agus oibleagáidí iarrthóirí cosaint idirnáisiúnta, is ionann an oibleagáid faoi leith atá orthu bunús a thabhairt leis an iarratas le gach gné atá ar fáil agus le comhoibriú forálacha ábhartha an togra athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán Bhaile Átha Cliath¹⁶.

Maidir leis an Rialachán um Nósanna Imeachta Tearmainn, tá an dá thogra ag teacht le chéile sa mhéid go leagann an togra amach an critéir le haghaidh cáiliú agus na forais le haghaidh aistarraingthe in ainneoin go bhfuil foráil sa Rialachán um Nósanna Imeachta Tearmainn do na rialúchain nósanna imeachta le haghaidh na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an mbeartas cuimsitheach fad-téarmach ar bhainistíocht níos fearr a dhéanamh ar imirce mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce¹⁷, a d'fhorbair Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin Juncker ina thacar de thionscnaimh chiallmhara agus comhthreisíocha bunaithe ar cheithre cholún. Is é is cúis leis na colúin sin ná na dreasachtaí le haghaidh imirce mhí-rialta a laghdú, teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú, beatha daoine a shábháil, i dteannta le beartas láidir tearmainn a áirithiú agus beartas nua ar imirce dhlíthiúil. Ba cheart go n-amharcfaí ar an togra seo, a fhorchuireann an Clár Eorpach maidir leis an Imirce, mar chuid de mhórbheartas ar leibhéal AE maidir le córas láidir agus éifeachtach a fhorbairt le haghaidh bainistíocht inmharthana imirce don todhchaí atá cothrom ar sochaithe aíochta agus do shaoránaigh AE chomh maith le náisiúnaithe na dtríú tír atá i gceist agus na dtíortha tionscnaimh agus idirthurais.

Ar a bharr sin, d'fhéadfadh na hathruithe molta do dhreasachtaí imeasctha a d'fhéadfadh bheith ann cur le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Lánpháirtíocht¹⁸.

¹⁶ COM (2016) 27 final.

¹⁷ COM(2015)240 final.

¹⁸ COM(2016)377 final.

BONN DLÍTHIÚIL, COIMHDEACT AGUS COMHRÉIREACT

Bonn Dlíthiúil

Mar gheall ar chuspóir an togra chun a áirithiú, ar lámh amháin, go gcuireann Ballstáit i bhfeidhm critéir choitinne le haghaidh cáiliú daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta uathu go cinnte, agus, ar an lámh eile, go bhfuil tacar coiteann de chearta ar fáil do na daoine sin i ngach Ballstát, is é an bonn dlíthiúil atá leis seo ná Airteagal 78(2) (a) agus (b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Suítear leis na forálacha seo go bhfuil sé de chumhacht ag AE beartas coiteann a fhorbairt ar thearmann, ar chosaint choimhdeach agus ar chosaint shealadach d'fhonn stádas cuí a thairiscint do náisiúnaí ar bith tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta uathu agus a áirithíonn comhlíonadh le prionsabal non-refoulement. Ní mór don bheartas seo bheith de réir Choinbhinsiún na Ginéive ar an 28 Iúil 1951 agus an Prótacal ar an 31 Eanáir 1967 maidir le stádas dídeanaithe, agus conarthaí ábhartha eile.

Laistigh de na cumhachtaí seo, is féidir le AE bearta a ghlacadh ar bord ina ndéantar foráil, *inter alia*, do:

(a) stádas aonfhoirmeach tearmainn le haghaidh náisiúnaithe tríú tír, atá bailí fud fad an Aontais, agus

(b) stádas aonfhoirmeach de chosaint choimhdeach le haghaidh náisiúntaithe tríú tír a, gan tearmann Eorpach a fháil, bhfuil cosaint idirnáisiúnta uathu.

Cuirtear Airteagal 79 (2) (a) de CFAE mar bhonn dlíthiúil i ngeall ar an leasú molta don Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarma 2003/109/AE a bhaineann le tairbhíthe cosaint idirnáisiúnta.

Coimhdeacht (le haghaidh inniúlachta neamh-eisiach)

Is féidir leis an easpa cóineasú sna rátaí glactha agus an stádas difriúil cosanta a thugtar d'iarrthóirí tearmainn le héilimh den chineál céanna in AE, fad an chead chónaithe, i dteannta le leibhéil na gcearta a chinntítear dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta tugtha dóibh, “siopadóireacht tearmainn” agus gluaiseachtaí tánaisteacha a spreagadh in AE.

Is é an cuspóir tá leis ná Rialachán a chur ann in áit na Treorach reatha d'fhonn cóineasú níos fearr a éascú sa dóigh a socraítear éilimh ar thearmann agus a bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta a thugtar, agus dá bhrí sin ag laghdú dreasachtaí chun gluaiseachta ar fud AE agus ag áirithiú go gcaitear go cothrom le tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar fud AE.

Toisc go bhfuil na caighdeáin chéanna sa Chomhchóras Eorpach Tearmainn ar fud AE le haghaidh gach iarrthóir tearmainn agus gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí seo a láimhseáil ina n-aonar. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal AE le tuilleadh cóineasú a éascú maidir le cinnidh thearmainn laistigh de AE agus na himpleachtaí seo a mhaolú.

Tá saoirse ag Ballstáit bealaí eile cosanta a bhronnadh de réir an dlí náisiúnta.

Comhréireacht

De réir phrionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo ar aghaidh níos faide ná mar is gá d'fhonn a chuspóirí a bhaint amach.

In ainneoin gur baineadh amach leibhéal tábhachtach comhchuidiú nuair a glacadh le Treoir 2004/83/AE agus 2011/95/AE, tá éagsúlacht shuntasach ann go fóill maidir leis na rátaí

glactha agus an cineál stádais chosanta a thugann gach Ballstát chomh maith lena bhfuil sa chosaint. Ina theannta sin, in ainneoin na hoibleagáide chun an stádas a aistharraingt nuair a bhíonn deireadh leis an riosca géarleanúna nó dochair thromchúisigh, níl ann ach roinnt bheag d'athbhreithnithe córasacha stádais ann sna Ballstáit. Sa deireadh, tá foráil i gcuid de na rialacha roghnacha sa Treoir Cháilíochta reatha (i.e.: freagracht an iarrthóra bunús a thabhairt leis an iarratas, na rialacha a bhaineann le measúnú ar chosaint inmheánach, forais roghnacha aistarraingthe) le haghaidh céim níos leithne díscréide sa dóigh ina ndéantar na héilimh ar thearmann a mheas.

Cuirfidh rialacha níos comhchuibhithe maidir le cáilitheacht agus maidir lena bhfuil sa chosaint le cóineasú na gcinntí ar thearmann sna Ballstáit agus dá bhrí sin beidh Comhchóras Eorpach Tearmainn ag feidhmiú níos fearr, lena n-áirítear córas inmharthana agus cothrom leis an mBallstát atá freagrach as iarrthóirí tearmainn mar a bhí tuartha san athbhreithniú molta ar Rialachán Bhaile Átha Cliath.

Ní théann na hathruithe atá molta thar an méid atá riachtanach leis na cuspóirí atá maíte a bhaint amach agus na réimsí inné ina mbeidh ionchur suntasach ag tuilleadh comhchuibhiú. Ina theannta sin, freagraíonn na forálacha nua ina n-éilítear ar na húdaráis chinntitheacha sna Ballstáit an anailís agus an Treoir choiteann atá tugtha ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a thabhairt san áireamh ar an staid i dtír thionscnaimh an gá le dul i ngleic le heaspa cóineasú maidir leis na cinntí ar thearmann atá glactha. Is é is aidhm don neartú na ar na forálacha maidir le stádas cosanta dídeanaí nó cosanta coimhdí a chur ar ceal dul i ngleic le forálacha den chineál sin a bheith cheana féin sa Treoir athmhúnlaith maidir le Cáilitheacht ach nár chuir na Ballstáit i bhfeidhm go córasach iad. Tá sé molta freisin na rialacha maidir le cáilitheacht le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a shoiléiriú agus a bhfuil i stádas den sórt sin i bhfianaise cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chun soiléiriú a dhéanamh ar réimse na gcearta tugtha, agus chun foráil a dhéanamh ar chomhchuibhiú nuair is gá, go háirithe maidir le bailíocht agus formáid na gceadúnas cónaithe agus chun foráil a dhéanamh ar dhreasachtaí imeasctha maidir le cúnamh sóisialta. Sa deireadh, tá athrú ar Threoir um Chónaitheoirí Fadtéarma an AE molta le cur in éadan gluaiseachtaí mírialta tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta laistigh de AE, gan dul thar an méid is gá le go mbeidh tionchar díspregúil aige.

- **Geoiméadracht athraitheach**

Tá an Ríocht Aontaithe agus Éire faoi cheangal ag an gcéad Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2004/83/CE) i ndiaidh gur chuir siad in iúl gur mhian leo páirt a ghlacadh i nglacadh le agus i gcur i bhfeidhm na Treorach sin bunaithe ar an bPrótacal ar stádas na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Roghnaigh siad gan páirt a ghlacadh sa Treoir athmhúnlaith maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE).

De réir an phrótacail thuasluaite, is féidir go gcinneoidh an Ríocht Aontaithe agus Éire ar pháirt a ghlacadh i nglacadh leis an togra seo. Beidh an rogha seo acu freisin i ndiaidh go nglacfar leis an togra seo.

De réir an Phrótacail maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart seo ag an gComhairle de bhun Theideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontaigh Eorpaigh (seachas i gcás “bearta a shainíonn na tríú tíortha ar gá dá

náisiúnaithe bheith i seilbh víosa agus iad ag dul trasna teorannacha seachtracha na mBallstát, nó bearta a bhaineann le formáid aonfhoirmeach le haghaidh víosaí”).

Cinnfear ar rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus na Danmhairge sna socruithe atá leagtha síos sa togra seo a dhéanann Treoir 2011/95/AE athmhúnlaith maidir le Cáilitheacht a aisghairm le linn na hidirbheartaíocht de réir na bPrótacal seo. Ceadáíonn na Prótacail seo don Ríocht Aontaithe agus d’Éirinn, ach ní éilíonn siad é, rogha a ghlacadh bheith páirteach sna tionscnaimh i réimse beartais na saoirse, na slándála agus an cheartais agus meas á léiriú ar inoibritheacht.

- **Rogha na hionstaime**

Tá sé molta Rialachán a chur in áit na Treorach athmhúnlaith atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht, ionas gur féidir cóineasú níos fearr a bhaint amach i gcinnteoireacht maidir le tearmann, tríd na rialacha roghnacha reatha ina bhfuil foráil choiteann le haghaidh iarrthóirí tearmainn a aithint a athrú go rialacha riachtanacha, trí a bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta a shoiléiriú agus a shainmhíniú (go háirithe maidir le fad cead cónaithe agus cearta sóisialta) agus trí rialacha a leagan síos atá dírithe ar ghluaiseachtaí tánaisteacha a chosc.

Rinneadh Treoir 2004/83/AE maidir le Cáilitheacht a athmhúnlaith cheana féin, agus is í sin an chúis leis an Treoir athmhúnlaith atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht (2011/95/AE). In ainneoin gur chuir an Treoir Cháilíochta reatha le leibhéal áirithe comhfhogasaithe ar na rialacha náisiúnta, dealraíonn sé áfach go bhfuil difríochtaí ann go fóill sna rátaí aitheantais idir Bhallstáit agus go bhfuil easpa teacht le chéile maidir le cinntí faoin gcineál stádais chosanta atá tugtha.

De réir mar atá fógraithe i gCumarsáid an Choimisiúin ar an 6 Aibreán 2016 “I dtreo an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn a leasú agus bealaí dlíthiúla i dtreo na hEorpa a mhéadú”, i dteannta leis na hathruithe substainteacha sa Treoir athmhúnlaith atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht, tá cineál na hionstraime dlíthiúla athraithe go Rialachán. Cuirfidh sé seo le tuilleadh cóineasú trí dhifríochtaí a bhaint ar shiúl idir aistriú agus áiríteoidh sé go gcuirfear i bhfeidhm go díreach na rialacha. Ina theannta sin áiríteoidh sé go gcloífear leis an Rialachán Níosann Imeacht um Thearmann atá molta, atá molta le bheith athruithe go Rialachán freisin.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHT EX-POST, COMHAIRLIÚCHÁIN LE GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS MEASTÓIREACHT AR THIONCHAR

- **Meastóireacht ex-post ar reachtaíocht reatha**

Choimisiúnaigh an tAontas Eorpach dhá staidéar sheachtracha in 2015¹⁹, ceann acu atá ag díriú isteach ar chur i bhfeidhm na Treorach atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht ag na Ballstáit, agus an ceann eile ag scrúdú deacrachtaí le cur i bhfeidhm, ag aithint laigí agus ag meas ar chruthaigh an Treoir athmhúnlaith atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht cóineasú níos fearr san Eoraip. Tá an Coimisiún i dteagmháil le conraitheoirí agus an staidéar seo ar bun, agus bhí sé in ann eolas a fháil ó chuid de na torthaí sealadacha d’fhonn an togra reatha a ullmhú.

¹⁹ Le foilsiú gan mhoill.

Aimsíodh sa staidéar ar chur i bhfeidhm gur chuir an Teoir athmhúnlaithé atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht, i réimsí áirithe, le leibhéal níos airde comhfhogasaithe ar na rialacha náisiúnta. Dealraíonn sé, áfach, i réimsí eile go bhfuil éagsúlacht sa chur i bhfeidhm praiticiúil go fóill, agus go mbíonn torthaí éagsúla ann dá réir idir iarratais ar thearmann i mBallstáit i dtéarmaí rátaí aitheantais, fiú amháin nuair a thagann iarratais ón tír thionscnaimh chéanna. Tá difríochtaí suntasacha i gcur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach athmhúnlaithé maidir le Cáilitheacht le sonrú maidir leis an dóigh a ndéantar meastóireacht ar fhíorais agus ar chúinsí, an mheastóireacht ar ‘*sur place*’ agus roghanna cosanta agus cur i bhfeidhm na gclásal scor.

Ar a bharr sin, luaitear leagan amach agus cur i bhfeidhm fhaisnéis na tíre tionscnaimh agus liostaí sábháilte tíortha tionscnaimh, chomh maith le meastóireacht ar chreidiúnacht an iarrthóra le linn na meastóireachta ar an ealga atá air roimh ghéarleanúint nó dochar tromchúiseach ar cheann de na fáthanna is mó sna difríochtaí i rátaí aitheantais in AE. Cinneann an staidéar freisin gur baineadh leibhéal níos airde comhchuibhiú amach maidir lena bhfuil sna cearta a tugadh do thairbhíthe de chosaint choimhdeach a athlíniú le dídeanaithé (e.g. maidir le rochtain ar fhostaíocht, rochtain ar oideachas nó rochtain ar chúram sláinte). Tá éagsúlacht ann, áfach, maidir le cleachtas Ballstáit agus cearta á mbronnadh ar dhídeanaithé agus ar thairbhíthe de chosaint choimhdeach i dtíortha áirithe maidir le cead cónaithe, le doiciméid taistil, le cúnamh sóisialta a bhronnadh, agus maidir le cineál agus cáilíocht na gclár imeasctha chomh maith le cúnamh aistiriú. Eascraíonn difríochtaí den chineál sin, ar lámh amháin, as sainmhíniú áirithe ar na forálacha agus, ar an lámh eile, baineann siad leis an méid ar aistrigh Ballstáit clásail áirithe ‘may’ - i bhfoirm constaicí roghnacha nó an fhéidearthacht go mbeadh rialacha níos fabhraí ann - ina reachtaíocht náisiúnta.

- **Comhairliúcháin le geallsealbhóirí**

De réir mar atá fógraithe i gCumarsáid an Choimisiúin ar an 6 Aibreán 2016 “I dtreo an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn a leasú agus bealaí dlíthiúla i dtreo na hEorpa a mhéadú”²⁰, sheol an Coimisiún díospóireacht ar na roghanna chun rialacha tearmainn AE a leasú as seo amach.

Sa chomhthéacs sin phléigh seirbhísí an Choimisiúin an Chumarsáid leis na Ballstáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) agus UNHCR (Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithé) i mBealtaine, le comhordaitheoirí Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta i Meitheamh 2016. D’eagraigh Parlaimint na hEorpa an díospóireacht chéanna ar an gCumarsáid ina seisiún iomlánach ar an 11 Bealtaine. Fuartha aighneachtaí scríofa freisin.

Léirigh Ballstáit tacaíocht le breis comhchuibhiú. Maidir le dóigheanna le tuilleadh cóineasú a bhaint amach maidir le rátaí aitheantais agus cineálacha de stádas cosanta atá tugtha, cuireadh an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú praiticiúil agus ar threoirilínte na Gníomhaireachta.

Maidir le hathbhreithniú ar stádas cosanta i ndiaidh dó bheith tugtha, bhí tacaíocht ann go háirithe maidir le hathbhreithniú a cuireadh i ngníomh mar gheall ar athrú san fhaisnéis na tíre tionscnaimh ar leibhéal AE. Ag an am céanna thug cuid de na Ballstáit rabhadh faoin ualach

²⁰ COM (2016) 197 final.

riaracháin a d'fhéadfaí bheith ann dá mbeadh oibleagáid ghinearálta agus soiléir ann le seiceáil scoir a dhéanamh gach uair a dhéantar cead cónaithe a athnuachan.

Bhí tacaíocht ann freisin le tuilleadh comhchuibhiú a dhéanamh le linn thréimhse na gcead cónaithe eisihte. Léirigh roinnt Ballstát, áfach, nach bhféadfaí an fhéidearthacht chun cead cónaithe a eisiúint ar fhorais eile (ar bhonn daonnúil ná imirce dhlíthiúil) i ndiaidh an stádas cosanta a scor a laghdú, agus léirigh freisin an tábhacht a bhaineann le gan féidearthachtaí imeasctha a laghdú gan chúis mar gheall ar an tuiscint nach bhféadfadh an chosaint bheith ach sealadach.

Ar leibhéal na gcearta atá tugtha do thairbhíthe, níor thacaigh Ballstáit go ginearálta leis an tuairim go mbeadh difirúlú eile ann idir dhá stádas idirnáisiúnta cosanta. D'iarr cuid de na Ballstáit go mbeadh tuilleadh solúbthachta ann maidir le leas sóisialta agus cúram sláinte agus léirigh Ballstáit eile go bhfuil áit ann le tuilleadh comhchuibhiú maidir le hathmhuintearas teaghlaigh de thairbhíthe de chosaint choimhdeach.

Maidir le gluaiseachtaí tánaisteacha, bhí tacaíocht ann le faisnéis a sholáthar maidir leis an oibleagáid chun fanacht faoi chónaí sa Bhallstát atá ag tabhairt cosanta, ionas go mbíonn cúinsí na gluaiseachta tánaistí soiléir don tairbhí.

Maidir le bearta imeasctha, rinneadh tagairt don fhéidearthacht tabhairt ar thairbhíthe páirt a ghlacadh i gcúrsaí teanga/ treoshuíomh sibhialta.

Thug comhordaitheoirí an Choiste um Shaoirsí Sibhialta de Pharlaimint na hEorpa rabhadh in aghaidh caighdeáin ar bith a laghdú. Maidir leis an athbhreithniú atá molta ar an stádas, cuireadh ábhar inni in iúl maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhéidearthachtaí imeasctha tairbhíthe. Cuireadh béim freisin gur cheart go mbeadh bearta ar bith i gcomhréir agus in oiriúint leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. Sa deireadh maidir le cearta saorghluaiseachta, tá sé luaite gur cheart go mbeadh tairbhíthe i dteideal stádas fadtéarma AE (Treoir 2003/109) roimh an tréimhse reatha cúig bliana, ionas gur féidir iad a éascú le tairbhe a bhaint as saorchearta gluaiseachta.

Ní raibh NGOanna go ginearálta i bhfách le tuilleadh comhchuibhiú, agus eagla orthu go laghdófaí caigheáin, agus léirigh siad gurbh fhearr leo go gcuirfí na forálacha reatha agus na teoracha um shuíomh i bhfeidhm níos fearr. Má thagann athrú ar na forálacha reatha seo, léirigh NGOanna an gá le cearta na n-iarrthóirí a dhaingniú.

Maidir le cóineasú, níor léirigh NGOanna tacaíocht ar bith leis an tuairim gur cheart cur i bhfeidhm an chlásail inmheánaigh chosanta a dhéanamh riachtanach agus níor thacaigh le pleananna ar athbhreithnithe riachtanacha scoir, gur thug rabhadh ar thionchair dhiúltacha ar fhéidearthachtaí imeasctha agus ar ualach neamhriachtanach riaracháin a chruthú.

Maidir le cearta, bhí NGOanna ar son féidearthachtaí níos fabhraí cóireála a choinneáil, lena n-áirítear maidir le fad na gcead cónaithe agus rinne argóint in aghaidh idirdhealú ar bith a dhéanamh idir stádais chosanta do dhéanaithe ná agus stádais chosanta coimhdí.

Maidir le gluaiseachtaí tánaisteacha de, níor thacaigh NGOanna le smachtbhannaí a thabhairt isteach, ach ina áit sin, léirigh siad an gá le tuiscint níos fearr a fháil ar na cúiseanna taobh thiar de ghluaiseacht thánaisteach ar dtús agus ina dhiaidh sin machnamh a dhéanamh ar dhreasachtaí. Maidir le pleananna chun tuilleadh oibleagáidí faisnéise i dtaca leis na Ballstáit a mhíniú, thacaigh siad le rialacha níos mionsonraithe.

Maidir le hathmhuintearas teaghlaigh, chuir NGOanna an bhéim ar an ngá le cearta tairbhithe de chosaint choimhdeach a ashamlú go dtí na cearta céanna agus a bhíonn ag dídeanaithe.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

I dteannta le staidéir an Choimisiúin ar chur i bhfeidhm agus ar chur i ngníomh na Treorach athmhúnlaith maidir le Cáilitheacht, baineadh úsáid as foilseacháin ábhartha ón EASO (Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn) leis an togra seo a ullmhú, go háirithe an bailiú sonraí mar chuid den “Mhaitrís Cháilitheacht” ar inchailitheacht agus eisiachas, chomh maith le Treoir phraiticiúil na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn ar Airteagal 15 (c) agus an anailís ar Airteagal 12 agus 17 den Treoir athmhúnlaith maidir le Cáilitheacht.

- **Cearta bunúsacha**

Léiríonn an Rialachán molta na cearta bunúsacha agus urramaíonn sé na prionsabail a aithnítear go háirithe i gChart um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chart). Féachann an Rialachán seo le meas iomlán a chinntiú don daonnúlacht agus an ceart ar thearmann d'iarrthóirí tearmainn agus do bhaill a dteaghlach agus chun cur i bhfeidhm Airteagail na Cairte a chur chun tosaigh maidir le dínit dhaonna, meas ar shaol an teaghlaigh agus ar an saol príobháideach, saoirse cainte agus faisnéise, an ceart ar oideachas, saoirse chun post a roghnú agus an ceart chun bheith ag obair, saoirse chun gnólacht a bhunú, ceart ar thearmann, neamh-idirdhealú, cearta an linbh, slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta, cúram sláinte, agus dá bhrí sin ba cheart dó bheith curtha i bhfeidhm dá réir. Léiríonn an togra meas ar refolement a chosc, mar atá léirithe in Airteagal 19 de Chart AE, agus nuair a bhítear ag meas iarratas ar thearmann maidir le cosaint inmheánach. Neartóidh an togra na ráthaíochtaí nós imeachta, trína léiriú go luíonn an t-ualach a bhaineann le cosaint inmheánach a bheith le fáil ar an údarás cinntitheach agus go bhfuil an mheastóireacht le déanamh a luaithé agus a fhaightear amach go mbeadh an critéir cáilitheachta ann seachas sin.

Léiríonn an togra an meas céanna ar na forálacha ar chúnamh sóisialta a bhfuil foráil déanta dóibh in Airteagal 34 (3) den Chart agus in Airteagal 23 de Choinbhinsiún na Ginéive, nuair a ligtear do Bhallstáit coinníollacha a chur le cúnamh sóisialta faoi leith a bhronnadh maidir le rannpháirtíocht éifeachtach i mbearta lánpháirtíochta agus chun coinníollacha cónaithe a chur i bhfeidhm maidir le leasa sóisialta áirithe a fháil, bíodh nach féidir coinníollacha den chineál seo a chur i bhfeidhm ach amháin má bhíonn cuspóir leo imeascadh tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a éascú.

Glacadh san áireamh ach go háirithe cearta ban agus leanaí le linn toirchis, breith agus iarbhreith. Glacann an togra seo san áireamh freisin oibleagáidí na mBallstát de réir Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). I bhfianaise thograí an Choimisiúin ar chinntí na Comhairle faoi shíniú agus chur chun críche Choinbhinsiún Iostanbúl, agus i bhfianaise barántas a thabhairt do mhná a d'fhulaing foréigean bunaithe ar inscne agus a bhfuil cosaint idirnáisiúnta uathu go mbeidh leibhéal inmharthana cosanta acu, ba cheart glacadh le cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de agus an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus beidh sé ag teastáil i gcás ar bith i ndiaidh do AE Coinbhinsiún Iostanbúl a chur i gcrích.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuireann an togra seo ualadh airgeadais ná riaracháin ar bith ar an Aontas. Níl aon tionchar aige, dá bhrí sin, ar bhuiséad an Aontais.

5. GNÉITHE EILE

- **Socrúithe monatóireachta, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tuairisceoidh an Coimisiún ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle laistigh de dhá bhliain ó chuirtear i bhfeidhm é agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Beidh ar Bhallstáit an fhaisnéis chuí a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún le dréachtadh agus chuig Gníomhaireacht an Aontaigh Eorpaigh um Thearmann. Beidh an Gníomhaireacht ag déanamh na monatóireachta comhlíonta tríd an meicníocht chomhlíonta a mhol an Coimisiún a bhunú nuair a rinne sé athbhreithniú ar shainordú na Gníomhaireachta²¹.

- **Sainmhíniú ar fhorálacha faoi leith an togra**

Tá sé molta rialachán a chur in áit na Treorach athmhúnlaith atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht. Níl ábhar na Treorach athraithe, áfach ach a) i bhfianaise na gcuspóir polaitiúla atá liostaithe i bpointe 1, b) sa mhéid is go raibh sé riachtanach an teanga a chur in oiriúint ionas go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm go díreach agus c) an méid agus is gá na forálacha reatha a shoiléiriú i bhfianaise an chásdlí ábhartha. Dá bhrí sin, ní bhaineann an míniú thíos ach amháin leis an forálacha sin inar tugadh isteach athruithe substainteacha i gcomparáid leis an Treoir athmhúnlaith atá ann faoi láthair maidir le Cáilitheacht.

1. Tuilleadh comhchuibhiú ar an gcomhchritéir chun iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta a aithint

Airteagal 3 - Réimse ábhair

Tá dhá aidhm le réimse an Rialacháin: ar lámh amháin, ag leagan amach caighdeán le haghaidh cáiliú náisiúnaithe tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta agus ar an lámh eile ag leagan amach a bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta a thugtar dóibh. Toisc gur Rialachán é an rogha ionstraime don togra seo, níl aon fhoráil ann a cheadaíonn do Bhallstáit cóireáil níos fabhraí a bhronnadh. Luaitear in Airteagal 3 (2) go bhfuil saoirse ag Ballstáit stádas náisiúnta daonnúil a thabhairt dóibh siúd nach mbíonn inchailithe de réir an Rialacháin reatha. Ar a bharr sin, tá sé soiléirithe, in aithris chomhfhreagrach, gur féidir le Ballstáit bearta náisiúnta a thabhairt isteach sa bhreis ar a bhíonn ceadaithe de réir an Rialacháin reatha, ach ar bhealach nach mbaineann an bonn dá fhorálacha.

Airteagal 4 - Meastóireachtaí ar na fíorais

Leagtar síos le hAirteagal 4 (1) oibleagáid an iarrthóra ar chosaint idirnáisiúnta bunús a thabhairt leis an iarratas; dá bhrí sin tá oibleagáid shoiléir ar an iarrthóir gach gné atá ar fáil dó nó di a sholáthar, comhoibriú agus - de réir fhorálacha ábhartha thogra Bhaile Átha

²¹ COM (2016) 271 final.

Cliath²² agus forálacha an togra le haghaidh Rialachain um Nósanna Imeachta Tearmainn - fanacht ar chríocha an Bhallstáit le linn an nós imeachta.

Airteagal 5- Ní mór cosaint idirnáisiúnta a ardú sur place

Síneoidh Airteagal 5 (3) anois le cead a thabhairt do Bhallstáit gan stádas cosaint choimhdeach ná dídeanaí a bhronnadh sa chás ina gcuireann iarrthóir ar chosaint idirnáisiúnta iarratas ina dhiaidh sin bunaithe ar chúinsí atá ann mar gheall ar Chinneadh s'aige féin ó d'fhág sé an tír thionscnaimh.

Airteagal 8- Cosaint inmheánach

Déanann Airteagal 8 (1) foráil ar oibleagáid nua le meastóireacht a dhéanamh ar an gcosaint inmheánach a d'fhéadfadh bheith ann agus más ann do na coinníollacha ar féidir leis nó léi taisteal chuige go sábháilte agus go dlíthiúil, má tá cead isteach agus má thig leis nó léi bheith ag dúil go réadúil le lonnú i gcuid eile den tír, lena áirithiú nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta ó iarrthóir. I dteannta an oibleagáid a leagan síos a bhaineann le meastóireacht ar an gcosaint idirnáisiúnta, tugadh isteach cosaintí le hAirteagal 8(4) le soiléiriú a dhéanamh ar an dóigh le meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas ar thearmann sa chás seo.

Airteagal 10 - Cúiseanna géarleanúna

i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh²³ soiléiríonn Airteagal 10 (3) nach féidir le húdarás cinntitheach bheith ag dúil go réasúnta le hiarrthóir bheith discreideach ná éirigh as cleachtas áirithe, sa chás ina mbíonn cleachtas nó iompar den chineál seo mar chuid lárnach dá fhéiniúlacht, chun an riosca ar ghéarleanúint ina thír thionscnaimh féin a sheachaint.

Airteagal 12 - Eisiamh

Tá forálacha níos mionsonraithe le cur le hAirteagal 12 (5) ar bhonn Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh²⁴ lena shoiléiriú go bhfuil tiomantas coireanna áirithe (agus gníomhaíochtaí cruálacha agus sceimhlitheoireachta ach go háirithe) mar chúis le gan bheith mar dhídeanaí fiú má tá tiomantas le cuspóir polaitiúil ann.

Soiléiríonn Airteagal 12 (6) freisin ar bhonn Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh²⁵ go mbíonn eisiamh dídeanaí ó stádas ag brath go heisiach ar cé acu atá na coinníollacha de réir an Airteagail seo comhlíonta agus nach féidir leo bheith faoi réir mheastóireacht bhreise comhréireachta.

2. Tuilleadh Cóineasú ar chinntí tearmainn ar fud AE trí thabhairt ar údarais chinntitheacha na mBallstát Treoir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a ghlacadh san áireamh.

Airteagal 7 - Gníomhaithe Cosanta

Mar bhealach le tuilleadh cóineasaithe a bhaint amach maidir le cinntí tearmainn ar fud AE, agus measúnú a dhéanamh an rialaíonn eagraíocht idirnáisiúnta Stát nó cuid shuntasach dá

²² COM (2016) 27 final.

²³ C-199/12.

²⁴ C-57/09.

²⁵ C-57/09.

chríoch, leagtar síos in Airteagal 7 (3) an oibleagáid ar na húdaráis chinntitheacha Treoir an Aontais a úsáid mar bhunús, go háirithe an anailís agus Treoir choiteann ar an stádas sa tír thionscnaimh atá tugtha ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus na líonraí Eorpacha um fhaisnéis faoi thíortha tionscnaimh. Tá foráil sa togra ar Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (Airteagail 8 agus 10 de Rialachán²⁶ d'inniúlacht chun anailís agus Treoir choiteann a eisiúint, a dhéantar a chros-thagairt ansin in Airteagal 7(3), (ar a dtagrófar mar Treoir na Gníomhaireachta as seo amach).

Airteagal 8 - Cosaint inmheánach

Le cóineasú chinntí tearmainn a bhaineann le cosaint inmheánach a áirithiú, mar a gcéanna leis an modh oibre ar baineadh úsáid as in Airteagal 7(3), ní mór d'údaráis chinntitheacha na mBallstát Treoir na Gníomhaireachta a ghlacadh san áireamh, i measc faisnéise eile.

Airteagal 11 agus 17 - Stádas Cosanta Coimhdí agus Cosaint do Dhídeanaithe a scor

Tá foráil in Airteagal 11 (2) (b) maidir le stádas dídeanaí a scor, agus in Airteagal 17 (2) (b) maidir le stádas cosanta coimhdí le haghaidh na hoibleagáide atá ar údaráis chinntitheacha iad féin a bhunú ar Threoir na Gníomhaireachta agus meastóireacht á déanamh acu cé acu atá dídeanaithe ná tairbhíthe de chosaint choimhdeach i dteideal an stádais idirnáisiúnta chosanta atá tugtha dóibh nó nach bhfuil.

3. Athbhreithnithe córasacha agus rialta stádais a thabhairt isteach

Airteagal 14 agus Airteagal 20 - Stádais dídeanaí nó stádais chosanta choimhdí a aisghairm, deireadh a chur leo, nó diúltiú iad a athnuachan faoi seach.

De réir Airteagal 14 (1) agus Airteagal 20 (1) tá oibleagáid ar na húdaráis chinntitheacha a aisghairm, deireadh a chur leo, nó diúltiú iad a athnuachan nuair a bhíonn deireadh leis na riachtanais chosanta nó nuair a bhíonn forais eisiaimh i bhfeidhm i ndiaidh don chosaint a bheith tugtha. Tá gá ansin le hathbhreithniú ar stádas le seiceáil a dhéanamh cé acu atá an critéir inchailitheachta (imeagla ar ghéarleanúint, foréigean neamhshrianta) bainte amach.

Airteagal 15 agus Airteagal 21 -Athbhreithniú ar stádais na ndídeanaithe agus stádais choimhdeacha faoi seach

Tugann an togra isteach truígeir le haghaidh athbhreithnithe den chineál seo, ceann substainteach agus ceann eile a chinntíonn rialacht. Dá bhrí sin, tá sé molta oibleagáid a chur ar na húdaráis chinntitheacha athbhreithnithe den chineál seo a chur i bhfeidhm, nuair a bhíonn athrú suntasach ábhartha sa tír thionscnaimh atá léirithe i ndoiciméid ar leibhéal AE; i.e.: Treoir na Gníomhaireachta (Airteagal 15 (1) agus Airteagal 21 (1) (b)) agus nuair a dhéanann siad athnuachan ar an gcead cónaithe den chéad uair le haghaidh dídeanaithe agus don dara huair le haghaidh tairbhíthe de chosaint choimhdeach (Airteagal 15 (1) (a) agus Airteagal 21 (1) (b)). níor cheart go gcruthódh athbhreithnithe den chineál seo ualach níos troime riaracháin do na riaracháin náisiúnta, toisc go bhfuil siad dírithe go maith agus forordaithe do chásanna ina bhfuil Cinneadh le glacadh faoi athnuachan an cheada chónaithe i gcás ar bith - nó i gcásanna ina dtuairiscítear athrú suntasach sa scéal i dtír thionscnaimh faoi leith. Dá bhrí sin bainfidh an togra seo leibhéal níos airde comhchuibhiú agus smachta amach agus ní chruthófar ualach riaracháin nach bhfuil gá leis do na Ballstáit.

²⁶ COM(2016)271 final.

Moltar tréimhse chairde de thrí mhí (in Airteagail 14 (5) agus 20 (3)) i gcás ina ndéantar an stádas a aisghairm mar gheall ar athrú sna cúinsí ionas go mbíonn deis ag an duine a stádas a athrú má bhíonn coinníollacha eile leis (teaghlach, obair, staidéar, forais dhaonnúla, srl.)

4. Aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí fothánaisteacha, tríd na hoibleagáidí ar thairbhí fanacht sa Bhallstát a bhfuil cosaint tugtha aige a shoiléiriú agus dísdhreasuithe breise a chur ar fáil tríd an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha a leasú.

Airteagal 29 - Gluaiseacht laistigh den Aontas

Tá foráil in Airteagal 29 ina bhfuil, mar riail ghinearálta, oibleagáid ar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta cónaí sa Bhallstát a bhfuil cosaint tugtha aige agus in éineacht le hAirteagal 44 soláthraíonn sé dídhreasuithe má thagtar ar an tairbhí i mBallstát eile gan de cheart aige fanacht ná cónaí ann. Déanann Airteagal 29 (2) tagairt d'fhorálacha molta Rialachán Bhaile Átha Cliath (Airteagal 20(1)e), maidir leis seo. Ar a bharr sin, tá sé molta an Treoir um Chónaí Fadtéarma 2003/109/CE a leasú agus chun foráil a dhéanamh ann gur cheart go gcuirfí tús arís leis an tréimhse 5 bliana a mbíonn tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta ina teideal gach uair a n-aimsítear duine i mBallstát, seachas an ceann a thug cosaint idirnáisiúnta, gan de cheart aige fanacht ná cónaí ann de réir an Aointais ábhartha ná dlí náisiúnta. Táthar ag súil leis go mbeidh an beart molta seo ina dhreasacht le haghaidh tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta leis na rialacha a chomhlíonadh agus le gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaráithe a sheachaint, as siocair go bhfuil baol ann go bhfadódh siad an tréimhse feithimh chun stádas cónaithe fadtéarma a fháil agus an ceart bainteach leis ar ghluaiseacht idir-AE.

Deimhníonn Airteagal 29 freisin go ligeann forálacha ábhartha Schengen don tairbhí fanacht - nuair a bhíonn coinníollacha Airteagal 21 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur i bhfeidhm comhlíonta - i mBallstát eile atá ag cur an acquis Schengen i bhfeidhm ar feadh tréimhse 90 lá i dtréimhse ar bith 180 lá. Ina theannta sin soiléiríonn an tAirteagal gur féidir leis an tairbhí iarratas a dhéanamh chun fanacht i mBallstát eile de réir rialacha eile infheidhmithe de chuid AE (mar atá sé molta sa togra ar choinníollacha glactha agus iontrála náisiúnaithe tríú tír ar mhaithe le fostaíocht sháraithe²⁷ nó má cheadaítear dó de reir rialacha náisiúnta na mBallstát.

Airteagal 24 - Faisnéis

Tá foráil in Airteagal 24 le haghaidh rialacha treisithe ar fhaisnéis, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta ar an eolas faoina oibleagáidí agus chearta agus go háirithe maidir leis na forálacha ar ghluaiseacht laistigh den Aontas. Chuige seo, tá gníomh cur i bhfeidhm molta chun rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos ar ábhar agus ar nádúr na faisnéise atá le soláthar ar fud AE.

5. Tuilleadh comhchuibhiú a dhéanamh ar chearta tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta

Airteagal 22 - Rialacha ginearálta

Tá foráil i gCaibidil VII le haghaidh a bhfuil sa chosaint agus taispeánann sé na cearta agus na hoibleagáidí ar thrí mhír, mar fhorálacha ginearálta, bainteach le cónaí agus imeascadh cearta

²⁷ COM(2016) 378 final.

gaolmhara. Bíonn tuilleadh comhchuibhiú ann mar gheall ar athruithe trí rialacha aonfhoirmeacha a sholáthar agus aird faoi leith ar chead cónaithe agus ar dhoiciméid taistil, agus soiléiríonn siad réimse na gcearta ar chóir rochtain a bheith orthu agus aird faoi leith ar rialacha sóisialta.

In ainneoin gur gníomh dearbhaithe stádas an dídeanaí a aithint, tá sé soiléirithe in Airteagal 22(3) gur féidir coinníollacha faoi leith (rochtain ar dhífhostaíocht agus ar shlándáil shóisialach) a dhéanamh coinníollach má bhíonn cead cónaithe ann.

Airteagal 25 - Aontacht teaghlaigh

Maidir le haontacht teaghlaigh (Airteagal 25), tá réimse bhaill an teaghlaigh leathnaithe le réadúlacht tréithe reatha imirce a léiriú, agus is minic a thagann iarrthóirí chuig críocha an Bhallstáit i ndiaidh tréimhse fhada taistil dá réir. Soiléiríonn an cuntas seo a leanas go bhfuil na forálacha seo *lex specialis* maidir le rialacha na Treorach um Athmhuintearas Teaghlaigh.

Airteagal 26 - Cead cónaithe

Maidir le cead cónaithe, tá foráil in Airteagal 26 le haghaidh comhchuibhiú nua faoi leith den tréimhse bailíochta agus formáid an cheada chónaithe, ach coinnítear an difríocht idir tairbhíthe de chosaint choimhdeach agus dídeanaíthe. Maidir le cosaint choimhdeach, beidh an cead cónaithe bailí ar feadh 1 bhliain, in-athnuaite le haghaidh 2 bhliain (foirmle 1+2+2 bliain) agus le haghaidh dídeanaíthe beidh an cead cónaithe bailí ar feadh 3 bliana agus in-athnuaite le haghaidh 3 bliana (foirmle 3+3+3 bliana).

Airteagal 27 - Doiciméad Taistil

Moltar gur cheart na mionghnéithe slándála agus bithmhéadracha na ndoiciméad taistil bheith comhchuibhithe freisin de réir Airteagal 27, trí oibleagáid a chur ar na Ballstáit doiciméid taistil a eisiúint agus bailíocht bliana orthu ar a mhéad, agus ciallaíonn sé seo nach foláir do dhoiciméid taistil den chineál seo bheith faoi réir rialacha teicniúla comhchuibhithe rialachán Uimh 2252/2004.

Airteagal 28 - Gluaiseacht laistigh den Bhallstát

Maidir le saoirse gluaiseachta laistigh de Bhallstát, códáíonn Airteagal 28 (2) cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh²⁸ trí an bhféidearthacht a thabhairt isteach gur féidir le Ballstáit coinníollacha cónaithe a leagan síos sa chás ina mbíonn na coinníollacha cónaithe sin ag teastáil le comhpháirtíocht a éascú.

Airteagal 30 - Rochtain ar fhostaíocht

Déantar san Airteagal ar rochtain ar fhostaíocht (Airteagal 30) tuilleadh soiléirithe ar chearta cothroma cóireála, agus léirítear iontu cearta oibre sa bhreis agus tá míniú níos fearr ar shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre agus oibleagáid éascaithe an Bhallstáit.

Airteagal 32 - Rochtain ar nósanna imeachta le cáilíochtaí a aithint agus le scileanna a bhailíochtú

²⁸ Cás C-443/14.

Maidir leis na forálacha ar cháilíocht a aithint (Airteagal 32 (1) agus (2)), tá míniú níos fearr ar chóireáil chothrom agus oibleagáid éascaithe agus maidir le scileanna a bhailíochtú, tá an oibleagáid maidir le cóireáil chothrom léirithe leis an difríocht idir an dá scéim a léiriú.

Airteagal 33 - Slándáil Shóisialach

Tá réimse na slándála sóisialaí soiléirithe ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil trí chros-thagairt den rialachán um chomhordú na slándála sóisialaí (Airteagal 2 (17)).

6. Dreasachtaí imeasctha a neartú le haghaidh tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta

Airteagal 34 - Cúnamh sóisialach

Sainmhínítear cúnamh sóisialach anois in Airteagal 2 (18) bhonn cásdhlí²⁹. Coinnítear an teorainn reatha féideartha a thugann cúnamh sóisialach a bhronnadh ar chroí-shochair maidir le tairbhíthe de chosaint choimhdeach. Tuigtear le croí-shochair go gclúdaítear ar a laghad íos-tacaíocht ioncaim, tacaíocht i gcás tinnis, nó toirchism agus cúnamh do thuismitheoirí más ann do na sochair seo agus má thugtar do náisiúnaithe iad.

I dteannta leis na srianta seo, agus mar bheartas chun foráil a dhéanamh ar dhreasachtaí imeasctha, tá sé molta in Airteagal 34 ligean do Bhallstáit coinníollacha a chur le cúnamh sóisialta áirithe go nglacfar páirt éifeachtach i mbearta imeasctha le haghaidh gach tairbhí de chosaint idirnáisiúnta.

Airteagal 38 - Rochtain ar acmhainní imeasctha

Dá bhri sin, mar bhearta comhfhreagrach leagtar síos oibleagáid fhéideartha do na tairbhíthe páirt iomlán a ghlacadh i mbearta imeasctha in Airteagal 38. Nuair a bhíonn oibleagáid, áfach, ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta páirt éifeachtach a ghlacadh i mbearta lánpháirtíochta i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit cruatan aonair a thabhairt san áireamh³⁰.

²⁹ Cás C-140/12.

³⁰ Cás C-579/13.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhith de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad.

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 78(2) agus pointe (a) d'Airteagal 79(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá roinnt athruithe substainteacha le déanamh ar Threoir 2011/95/AE ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhith de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar³¹ (athmhúnlaith). Chun a áirithiú go bhfuil comhchuibhiú agus tuilleadh cóineasaithe ann i gcinntí tearmainn agus maidir lena bhfuil i gcosaint idirnáisiúnta ionas gur lú an spreagadh le bogadh laistigh den Aontas Eorpach agus lena áirithiú go gcaitear le tairbhith de chosaint idirnáisiúnta go cothrom, ba cheart an Treoir sin a aisghairm agus Rialachán a chur ina áit.
- (2) Tá comhbheartas ar thearmann, lena n-áirítear Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET), atá bunaithe ar Choinbhinsiún na Ginéive Maidir le Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna leasú ag Prótacal Nua-Eabhraic an 31 Eanáir 1967 (Coinbhinsiún na Ginéive), a chur i bhfeidhm ina iomláine agus go cuimsitheach, ina chuid dhílis de chuspóir an Aontais Eorpaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile atá oscailte dóibh siúd a bhfuil orthu, mar gheall ar chúinsí, cosaint a lorg go dlisteanach san Aontas. Ba cheart go mbeadh beartas den chineál seo rialaithe ag

³¹ IO L 337, 20.12.2011, lch. 9.

prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, lena n-áirítear a impleachtaí airgeadais, idir na Ballstáit.

- (3) Tá CET bunaithe ar chaighdeáin choiteanna le haghaidh nósanna imeachta tearmainn, aitheantas agus cosaint atá tugtha ar leibhéal an Aontais, coinníollacha glactha agus córas lena gcinntítear an Ballstát atá freagrach as iarrthóirí tearmainn. D’ainneoinn an dul chun cinn atá déanta go dtí seo leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt de réir a chéile, tá difríochtaí suntasacha ann idir na Ballstáit maidir leis na cineálacha nósanna imeachta a mbaintear úsáid astu, na rátaí aitheantais, an cineál cosanta a thugtar, an leibhéal ar a bhfuil na dálaí glactha ábharacha agus na sochair a thugtar d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta. Cúis mhór le gluaiseachtaí tánaisteacha is ea na héagsúlachtaí seo agus baineann siad an bonn den chuspóir a áirithiú go gcaitear le hiarratasóirí go cothrom cibé áit a ndéanann siad iarratas san Aontas.
- (4) Ina Theachtaireacht an 6 Aibreán 2016³², leag an Coimisiún amach a roghanna maidir le CET a fheabhsú, eadhon chun córas inmharthana agus cothrom a bhunú leis an mBallstát atá freagrach as iarrthóirí tearmainn a chinntiú, chun córas Eurodac a threisiú, chun teacht le chéile níos fearr a bhaint amach i gcóras tearmainn AE, chun gluaiseachtaí tánaisteacha a sheachaint san Aontas Eorpach agus chun sainordú úr a thabhairt do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Tá an Teachtaireacht sin i gcomhréir le héileamh na Comhairle Eorpaí an 18-19 Feabhra 2016³³ dul chun cinn a dhéanamh maidir le creatlach reatha AE a athchóiriú agus le beartas daonna agus éifeachtach tearmainn a áirithiú. Moltar ann freisin bealach chun cinn atá i gcomhréir leis an gcur chuige iomlánaíoch maidir leis an imirce atá leagtha amach ag Parlaimint na hEorpa ina tuarascáil thionscnaimh féin an 12 Aibreán 2016.
- (5) Le go bhfeidhmeoidh CET mar is ceart, lena n-áirítear córas Bhaile Átha Cliath, ba cheart go ndéanfaí dul chun cinn substaintiúil maidir le cóineasú córas náisiúnta tearmainn agus aird faoi leith á tabhairt ar éagsúlacht sna rátaí aitheantais agus sna cineálacha stádais cosanta sna Ballstáit. Ina theannta sin, ba cheart na rialacha maidir le hathbheithniú stádais a neartú lena áirithiú nach dtugtar cosaint ach amháin dóibh siúd a bhfuil sé dhíth orthu agus a fhad agus atá sé de dhíth. Thairis sin, ba cheart cleachtais éagsúla maidir le fad na gcead cónaithe a sheachaint, agus ba cheart na cearta atá tugtha do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a shoiléiriú agus a chomhchuíbhiú tuilleadh.
- (6) Tá gá mar sin le Rialachán chun leibhéal níos comhsheasmhaí de chomhchuíbhiú ar fud an Aontais a áirithiú agus ionas go mbeidh leibhéal níos airde cinnteachta agus trédhearcachta ann.
- (7) Is é príomhchuspóir an togra seo a áirithiú, ar lámh amháin, go gcuireann Ballstáit critéir choitinne i bhfeidhm le haghaidh sainaitheint daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu dáiríre, agus, ar an lámh eile, go bhfuil tacar coiteann de chearta ar fáil do na daoine sin i ngach Ballstát.
- (8) De bharr tuilleadh comhfhogasaithe ar na rialacha maidir le stádas dídeanaí agus cosanta coimhdí a aithint agus maidir lena bhfuil i gceist leis an stádas, ba cheart go

³² COM (2016) 197 final.

³³ EUCO 19.02.2016, SN 1/16.

gcuideofaí srian a choinneáil ar ghluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta idir Bhallstáit, i gcás ina bhféadfadh sé gurbh é ba chúis leis an ngluaiseacht sin difríochtaí idir na bearta dlíthiúla náisiúnta a glacadh chun an Treoir maidir le Cáilitheacht a thrasú, Treoir a bhfuil an Rialachán seo á chur ina hionad.

- (9) Ní bhaineann an Rialachán seo le stádais daonnúla náisiúnta eile a thugann na Ballstáit faoina ndlíthe náisiúnta dóibh siúd nach gcáilíonn le haghaidh stádas dídeanaí ná stádas cosanta coimhdí. Tá na stádais seo, i gcás ina n-eiseofar iad, le heisiúint ar bhealach nach mbeidh aon bhaol ann go gceapfaí gur chosaint idirnáisiúnta iad.
- (10) Ba cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt d'iarrthóirí ar athlonnú a nglacfar lena n-iarratas. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha den Rialachán seo maidir lena bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear rialacha chun gluaiseachtaí tánaisteacha a dhíspreagadh.
- (11) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt). Go háirithe, féachann an Rialachán seo lena áirithiú go ndéanfar dínit an duine agus ceart chun tearmainn na n-iarratasóirí ar thearmann agus a mball teaghlaigh atá á dtionlacan a urramú ina n-iomláine agus lena chur chun cinn go gcuirfear i bhfeidhm na hAirteagail den Chairt maidir le dínit an duine, urraim do shaol an teaghlaigh agus don saol príobháideach, an tsaoirse cainte agus faisnéise, an ceart chun oideachais, an tsaoirse post a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun tearmainn, neamh-idirdhealú, cearta an linbh, slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta, cúram sláinte, agus dá bhrí sin ba cheart é a chur i bhfeidhm dá réir.
- (12) Maidir leis an dóigh a gcaitear le daoine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, tá na Ballstáit faoi cheangal ag na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ar páirtithe iontu iad, lena n-áirítear go háirithe na hionstraimí sin lena gcuirtear cosc ar idirdhealú.
- (13) Ba cheart úsáid a bhaint as acmhainní an Chiste um Thearmann, Imirce agus Dídeanaithe chun tacaíocht iomchuí a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát na caighdeáin a leagtar síos sa Rialachán a chur chun feidhme, go háirithe do na Ballstáit sin a bhfuil brú díréireach sonrach ar a gcórais tearmainn, go háirithe de dheasca a suímh gheografaigh nó a gcáis dhéimeagrafaigh.
- (14) Ba cheart don Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann tacaíocht iomchuí a thabhairt agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, go háirithe trí shaineolaithe a sholáthar chun cuidiú leis an mBallstát iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh, a chlárú, agus a scrúdú, agus trí fhaisnéis atá cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le tríú tíortha, lena n-áirítear faisnéis faoin tír thionscnaimh, agus trí threoracha agus uirlisí ábhartha eile a sholáthar. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart d'údarais na mBallstát caighdeáin oibríochtúla, treoracha táscacha, agus dea-chleachtais atá forbartha ag Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann [an Ghníomhaireacht] a chur san áireamh. Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart d'údarais na mBallstát aird ar leith a thabhairt ar an bhfaisnéis, ar an tuarascálacha, ar an anailís choiteann agus ar an Treoir faoi chúrsaí sna tíortha tionscnaimh atá forbartha ar leibhéal an Aontais ag an

nGníomhaireacht agus ag na líonraí Eorpacha um fhaisnéis faoi thíortha tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 8 agus Airteagal 10 den Rialachán³⁴.

- (15) Agus an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ba cheart aird ar leith a thabhairt ar 'leas an linbh' i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989. Agus measúnú a dhéanamh ar leas an linbh, ba cheart d'údaráis na mBallstát, háirithe, prionsabal aontacht an teaghlaigh a chur san áireamh, folláine agus forbairt shóisialta an mhionaoisigh, tosca sábháilteachta agus slándála agus tuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir lena aois agus a aibíocht.
- (16) Ba cheart a chur san áireamh leis an nóisean de céard is ball teaghlaigh ann cúinsí éagsúla sonracha an chleithiúnais agus an aird ar leith atá le tabhairt ar leas an linbh. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith ag luí leis an gcaoi a bhfuil na treochtaí imirce faoi láthair i bhfírinne, agus de réir na dtreochtaí sin is minic a bhaineann iarratasóirí amach críocha na mBallstát i ndiaidh tréimhse fhada idirthurais. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh sa nóisean teaghlaigh a tosaíodh lasmuigh den tír thionscnaimh, ach sular tháinig siad chuig críocha an Bhallstáit.
- (17) Tá an Rialachán seo gan dochar don Phrótocal maidir le tearmann le haghaidh náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (18) Is gníomh dearbhaitheach é stádas dídeanaí a aithint.
- (19) Is féidir go dtabharfaidh comhairliúcháin le Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe Treoir luachmhar d'údaráis na mBallstát agus stádas dídeanaí á Chinneadh de réir Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Ginéive.
- (20) Ba cheart go leagfaí síos caighdeáin maidir le stádas dídeanaí a shainmhíniú agus a bhfuil sa stádas sin a shainiú chun comhlachtaí náisiúnta inniúla na mBallstát a threorú agus Coinbhinsiún na Ginéive á chur i bhfeidhm.
- (21) Is gá comhchritéir a thabhairt isteach chun iarratasóirí ar thearmann a aithint mar dhídeanaithe laistigh de chiall Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Ginéive.
- (22) Go háirithe, is gá comhchoincheapa a thabhairt isteach maidir le riachtanais cosanta a thagann chun cinn *sur place*, foinsí díobhála agus cosanta, cosaint inmheánach agus géarleanúint, lena n-áirítear cúiseanna na géarleanúna.
- (23) I gcás ina mbeidh siad toilteanach agus in ann cosaint a thabhairt, féadfaidh an Stát cosaint a thabhairt nó féadfaidh páirtithe nó eagraíochtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa Treoir seo agus a rialaíonn réigiún nó limistéar níos fairsinge laistigh de chríocha an Stáit, féadfaidh siad cosaint a thabhairt. Ba cheart an chosaint sin a bheith éifeachtach agus buan.
- (24) Ba cheart cosaint inmheánach ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil a bheith ar fáil go héifeachtach d'iarratasóir i gcuid den tír thionscnaimh ar féidir leis taisteal chuige go sábháilte agus go dleathach, cead isteach ann a fháil agus ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go lonnóidh sé ann. An measúnú an bhfuil cosaint inmheánach den sórt sin

³⁴

COM(2016)271 final.

ann, ba cheart é a bheith ina dhlúthchuid den mheasúnú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus ba cheart é a dhéanamh a luaithé atá sé deimhnithe ag an údarás cinntitheach go mbeadh na critéir cháilitheachta i bhfeidhm seachas sin. Ba cheart gur ar an údarás cinntitheach a bheadh sé a léiriú go bhfuil cosaint inmheánach ann.

- (25) I gcás inarb é an Stát nó gníomhairí an Stáit atá i mbun na díobhála nó na géarleanúna, ba cheart a thoimhdiú nach bhfuil cosaint éifeachtach ar fáil don iarratasóir. I gcás ina bhfuil an t-iarratasóir ina mhionaoiseach neamhthionlactha, ba cheart infhaighteacht cúraim iomchuí agus socruithe coinneála, atá le leas an mhionaoisigh neamhthionlactha, ba cheart iad a bheith ina gcuid den mheasúnú an bhfuil an chosaint sin ar fáil go héifeachtach.
- (26) Is gá, agus iarratais ó mhionaoisigh ar chosaint idirnáisiúnta á measúnú, aird a bheith ag na húdaráis chinntitheacha ar chineálach géarleanúna a dhéantar ar pháistí go sonrach.
- (27) Ceann de na coinníollacha le haghaidh cáilitheacht do stádas dídeanaí de réir Airteagal 1(A) de Choinbhinsiún na Ginéive is ea nasc cúisíoch a bheith idir fáthanna na géarleanúna, mar atá cine, creideamh, náisiúntacht, tuairim pholaitiúil ná ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe, agus na gníomhaíochtaí géarleanúna nó easpa cosanta in aghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin.
- (28) Is gá freisin coincheap coiteann a thabhairt isteach maidir leis an bhforas géarleanúna ‘ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe’. Chun grúpa sóisialta áirithe a shainmhíniú, ba cheart aird a thabhairt ar shaincheistanna a eascraíonn ó inscne an iarratasóra, lena n-áirítear féiniúlacht inscne agus claonadh gnéis, a d’fhéadfadh a bheith bainteach le traidisiúin dlíthiúla áirithe agus le gnásanna áirithe, arb é is toradh orthu mar shampla ciorrú ball giniúna, aimridiú éigeantach nó ginmhilleadh éigeantach, a mhéid a bhaineann siad leis an eagla a bhfuil bunús maith léi atá ar an iarratasóir roimh ghéarleanúint.
- (29) I gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus measúnú á dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart d’údaráis inniúla na mBallstát úsáid a bhaint as modhanna le measúnú a dhéanamh ar chreidiúnacht an iarratasóra ar bhealach a léiríonn urraim do chearta an duine mar atá ráthaithe sa Chairt, go háirithe an ceart chun dínit an duine agus urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh. Maidir le homaighnéasacht go sonrach, níor cheart an measúnú ar leith ar chreidiúnacht an iarratasóra a bheith bunaithe ar thuairimí steiréitíopacha faoi homaighnéasaigh agus níor cheart grinncheistiúchán na tástálacha a dhéanamh ar an iarratasóir maidir lena chleachtais ghnéis.
- (30) Tá gníomhartha atá contrártha le cuspóirí agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe leagtha amach sa Réamhrá agus in Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe agus tá siad, i measc nithe eile, corpraithe i rúin na Náisiún Aontaithe maidir le bearta in aghaidh na sceimhlitheoireachta, ina dearbhaítear go bhfuil gníomhartha, modhanna agus cleachtais sceimhlitheoireachta contrártha le cuspóirí agus prionsabail na Náisiún Aontaithe agus go bhfuil sé contrártha freisin le cuspóirí agus prionsabail na Náisiún Aontaithe gníomhartha sceimhlitheoireacht a chistiú, a phleanáil agus a ghríosú go feasach.

- (31) Ní foras é, i bprionsabal, coir pholaitiúil a bheith déanta ag duine le stádas dídeanaí a shéanadh air. I gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, áfach, ba cheart amharc ar ghníomhaíochtaí an-chruálach, i gcás ina bhfuil an gníomh i gceist díreireach leis an gcuspóir polaitiúil atá in ainm is a bheith ann, agus gníomhartha sceimhlitheoireachta a bhfuil foréigean in aghaidh pobail shibhialtacha mar shaintréith acu, fiú amháin sa chás go ndearnadh iad chun cuspóir atá in ainm a bheith polaitiúil a bhaint amach, ba cheart amharc orthu mar choireanna neamhpholaitiúla agus dá bhrí sin is féidir stádas dídeanaí a shéanadh mar gheall orthu.
- (32) Ba cheart caighdeán a leagan síos maidir le cosaint choimhdeach a shainmhíniú agus a bhfuil ann a shainiú. Ba cheart cosaint choimhdeach a bheith comhlántach agus sa bhreis ar an gcosaint do dhídeanaithe atá cumhdaithe i gCoinbhinsiún na Ginéive.
- (33) Is gá comhchritéir a thabhairt isteach ar ar a mbonn a aithneofar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bheith incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach. Ba cheart na critéir sin a fháil ó oibleagáidí idirnáisiúnta faoina hionstraimí agus faoi na cleachtais atá ag na Ballstáit maidir le cearta daonna.
- (34) Chun measúnú a dhéanamh ar dhíobháil thromchúiseach a d'fhéadfadh iarratasóirí a cháiliú do chosaint choimhdeach, ba cheart a áireamh i nóisean an fhoréigin neamh-idirdhealaithigh, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa, foréigean a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine beag beann ar a gcúinsí pearsanta.
- (35) I gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh³⁵, chun measúnú a dhéanamh ar dhíobháil thromchúiseach, ba cheart cásanna ina bhfuil fórsaí armtha tríú tír ag tabhairt faoi ghrúpa armtha amháin nó níos mó, nó ina bhfuil dhá ghrúpa armtha nó níos mó ag tabhairt faoina chéile, ba cheart a mheas gur coinbhleacht armtha inmheánach é. Níl sé riachtanach an choinbhleacht sin a bheith sa chatagóir coinbhleacht armtha nach de sórt idirnáisiúnta í de réir an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta; agus níl sé riachtanach ach oiread, i dteannta measúnaithe ar an leibhéal foréigin atá sna críocha atá i gceist, measúnú ar leith a dhéanamh ar a dhéine atá na caismirtí armtha, leibhéal eagrúcháin na bhfórsaí armtha i gceist nó fad na coinbhleachta.
- (36) Maidir leis an gcruthúnas atá de dhíth maidir le bagairt thromchúiseach agus bagairt aonair ar bheatha duine nó iarratasóra a bheith ann, i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh³⁶, níor cheart go dtabharfadh údaráis chinntitheacha ar an iarratasóir fianaise a thabhairt ar aird go bhfuiltear ag díriú go sonrach airsean mar gheall ar thosca a bhaineann lena chúinsí pearsanta féin. Is ísle áfach, leibhéal an fhoréigin neamh-idirdhealaithigh atá ag teastáil chun bunús a thabhairt leis an iarratas más féidir leis an iarratasóir a léiriú go bhfuil seisean go sonrach thíos leis mar gheall ar thosca a bhaineann lena chúinsí pearsanta féin. Ar a bharr sin, ba cheart do na húdaráis chinntitheacha a fháil amach go heisceachtúil an ann do bhagairt thromchúiseach ar an duine aonair mar gheall ar an iarratasóir a bheith i gcríoch nó sa chuid ábhartha de chríoch na tíre tionscnaimh, agus ar an ábhar sin amháin, ar choinníoll go bhfuil an foréigean neamh-idirdhealaitheach ar shaintréith den choinbhleacht armtha sa tír é ar leibhéal chomh hard sin gurb ann d'fhorais

³⁵ C-285/12.

³⁶ C-465/07.

shubstaintiúla lena chreidiúint i gcás sibhialtaigh, dá gcuirfí ar ais é chuig an tír thionscnaimh nó chuig an gcuid ábhartha den tír thionscnaimh, go mbeadh fíorbhaol ann go mbeadh sé faoi bhagairt thromchúiseach toisc é a bheidh i gcríoch na tíre nó an réigiúin sin agus ar an ábhar sin amháin.

- (37) Ba cheart an cead cónaithe agus na doiciméid taistil a eisítear do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta den chéad uair nó a athnuaitear tar éis teacht i bhfeidhm don Rialachán seo, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle faoi seach.
- (38) Is iondúil go mbíonn baill teaghlaigh, mar gheall ar an ngaol cóngarach atá acu leis an dídeanaí, i mbaol gníomhartha géarleanúna ar dhóigh d'fhéadfadh a bheith ina bonn le cosaint idirnáisiúnta. Ar choinníoll nach bhfuil siad cáilithe do chosaint idirnáisiúnta, chun aontacht an teaghlaigh a choinneáil, beidh siad i dteideal cead cónaithe agus na cearta céanna a thugtar do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a éileamh. Gan dochar do na forálacha sa Rialachán seo maidir le haontacht an teaghlaigh a choinneáil, má thagann cás faoi raon feidhme Threoir 2003/86/CE maidir leis an gceart chun athaontú teaghlach agus má chomhlíontar na coinníollacha le haghaidh athaontú a leagtar amach inti, ba cheart ceada cónaithe agus cearta cónaithe a dheonú i gcomhréir leis an Treoir sin do bhaill teaghlaigh an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta nach gcáilíonn ina n-aonar do chosaint den sórt sin. Cuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm gan dochar do Threoir 2004/38/CE.
- (39) D'fhonn a dhearbhu an bhfuil an chosaint sin fós ó thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ba cheart d'údaráis chinntitheacha athbhreithniú a dhéanamh ar an stádas a deonaíodh tráth atá an cead cónaithe le hathnuachan, den chéad uair i gcás dídeanaithe, agus den chéad agus den dara huair i gcás tairbhíthe de chosaint choimhdeach, agus chomh maith leis sin tráth a thiocfaidh ann d'athrú suntasach ábhartha i dtír thionscnaimh na dtairbhíthe arna léiriú leis an anailís choiteann agus leis an Treoir i ndáil leis an tír thionscnaimh a fhaightear ar leibhéal an Aontais ón nGníomhaireacht agus ó na líonraí Eorpacha um fhaisnéis faoi thíortha tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 8 agus Airteagal 10 den Rialachán³⁷.
- (40) Agus measúnú á dhéanamh ar athrú cúinsí sa tír thionscnaimh lena mbaineann, deimhneoidh údaráis inniúla na mBallstát, agus aird acu ar shainchás an dídeanaí, go bhfuil céimeanna réasúnta glactha ag gníomhaí nó gníomhaithe na cosanta sa tír sin leis an ngéarleanúint a chosc agus go bhfeidhmíonn siad, *inter alia*, córas éifeachtach dlí chun gníomhartha ar géarleanúint iad a bhrath, a ionchúiseamh agus a phionósú agus go mbeidh fáil ag an náisiúnach i gceist ar chosaint den sórt sin má bhíonn deireadh leis an stádas dídeanaí.
- (41) Nuair atá deireadh leis an stádas dídeanaí nó leis an stádas cosanta coimhdí, ba cheart cur i bhfeidhm an chinnidh lena ndéanann údarás cinntitheach Ballstáit an stádas a chúlghairm nó a fhoirceannadh nó gan é a athnuachan, ba cheart an cur i bhfeidhm sin a chur siar ar feadh tréimhse réasúnta ama tar éis ghlacadh an chinnidh, chun deis a thabhairt don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát iarratas a dhéanamh ar chead cónaí ar fhorais eile seachas na forais ba bhunús leis an gcosaint idirnáisiúnta, amhail

³⁷ COM(2016)271 final.

cúinsí teaghlaigh, nó cúinsí a bhaineann le fostaíocht nó oideachas, i gcomhréir leis an dlí ábhartha de chuid an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta.

- (42) Ba cheart do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta cónaí sa Bhallstát a thug cosaint dóibh. Ba cheart a cheadú do na tairbhíthe sin a bhfuil doiciméad taistil bailí agus cead cónaithe acu d'eisigh Ballstát agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm ina iomláine, dul isteach agus gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát atá ag cur *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine, ar feadh tréimhse suas le 90 lá in aon tréimhse 180 lá i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen³⁸ agus le hAirteagal 21 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur i bhfeidhm³⁹. Is féidir le tairbhí de chosaint idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh chun fanacht i mBallstát eile i gcomhréir leis na rialacha ábhartha de chuid AE, go háirithe na rialacha maidir le coinníollacha glactha agus iontrála náisiúnta tríú tír ar mhaithe le fostaíocht sháraithe⁴⁰ agus rialacha náisiúnta; níl aistriú na cosanta idirnáisiúnta ná na gceart gaolmhar le tuisceant as sin, áfach.
- (43) Chun cosc a chur ar ghluaiseachtaí tánaisteacha laistigh den Aontas Eorpach, ba cheart don Bhallstát atá freagrach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. [xxx/xxxx Rialachán Nua Bhaile Átha Cliath]⁴¹ tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh ar ais i gcás ina n-aimseofar iad i mBallstát seachas an Ballstát a thug cosaint dóibh gan na coinníollacha fanachta ná cónaithe a bheith comhlíonta acu
- (44) Chun gluaiseachtaí tánaisteacha laistigh den Aontas Eorpach a dhíspreagadh, ba cheart an Treoir maidir le Cónaí Fadtéarmach 2003/109/CE a leasú lena bhforáil go gcuirfear tús in athuair leis an tréimhse 5 bliana a bhfuil tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta i dteideal stádas cónaitheora fhadtéarmaigh ina diaidh gach uair a aimseofar an duine i mBallstát, seachas an Ballstát a thug cosaint idirnáisiúnta dó, gan ceart aige fanacht ná cónaí ann i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais nó leis an dlí ábhartha náisiúnta.
- (45) Clúdaíonn nóisean na sábháilteacht náisiúnta agus an oird phoiblí cásanna ina bhfuil náisiúnach tríú tír ina bhall de chomhlachas a thacaíonn le sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta nó ina dtacaíonn sé le comhlachas den sórt sin.
- (46) Agus Cinneadh á dhéanamh ar theidlíocht ar na sochair a áirítear faoin Rialachán seo, ba cheart do na húdaráis inniúla leas an linbh a chur san áireamh, chomh maith le cúinsí sonracha an chleithiúnais ar an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta ina bhfuil garghaolta leis atá sa Bhallstát cheana féin agus nach baill teaghlaigh den tairbhí sin iad. I gcúinsí eisceachtúla, má tá an garghaol de chuid an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta ina mhionaoiseach pósta ach nach bhfuil a nuachar á thionlacan, féadfar a mheas gurb é leas an mhionaoisigh bheith lena theaghlach bunaidh.

³⁸ Rialachán 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha.

³⁹ Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile.

⁴⁰ COM (2016) 378 final.

⁴¹ .

- (47) Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in oibleagáidí idirnáisiúnta, is gá cead cónaithe a eisiúint roimh ré chun sochair a dheonú maidir le rochtain ar fhostaíocht agus ar shlándáil shóisialta.
- (48) Féadfaidh na húdaráis inniúla srian a chur ar an rochtain sin ar ghníomhaíochtaí fostaithe nó féinfhostaithe i ndáil le poist a bhaineann le húdarás poiblí a fheidhmiú, agus freagracht as leas ginearálta an Stáit a nó údarás poiblí eile a chosaint. I gcomhthéacs fheidhmiú a gcirt chun cóir chomhionann a fháil maidir le ballraíocht in eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe nó atá i mbun gairm shonrach, féadfar, ar an dóigh chéanna, tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a eisiáimh ó pháirt a ghlacadh i mbainistiú comhlachtaí atá rialaithe ag an dlí poiblí agus ó oifig atá rialaithe ag an dlí poiblí a bheith acu.
- (49) Chun feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtach na gceart agus na sochar a leagtar síos sa Rialachán seo tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, is gá a chur san áireamh na riachtanais sonracha atá acu agus na dúshlán lánpháirtíochta sainiúla a bhíonn rompu, agus a rochtain a éascú ar chearta a bhaineann le lánpháirtíú go háirithe maidir le deiseanna oideachais a bhaineann le fostaíocht, gairmoiliúint agus rochtain ar nósanna imeachta aitheantais le haghaidh dioplómaí agus teastais agus fianaise eile ón iasacht de cháilíochtaí foirmiúla go háirithe mar gheall ar easpa fianaise doiciméadaí agus a neamhábaltacht na costais a bhaineann leis na nósanna imeachta aitheantais a sheasamh.
- (50) Ba cheart an chóir a chuirtear ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a bheith comhionann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint maidir le slándáil shóisialta.
- (51) Ina theannta sin, go háirithe le cruatan sóisialta a sheachaint, is iomchuí cúnamh sóisialta a thabhairt do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta gan idirdhealú. Maidir le tairbhíthe de chosaint choimhdeach, áfach, ba cheart solúbthacht a éigin a thabhairt do na Ballstáit, teorainn a chur leis na cearta sin le nach gcuimseoidh siad ach na príomhshochair, agus is é a thuigfear as sin, ar a laghad, an íostacaíocht ioncaim, cúnamh i gcás tinnis nó toirchis, agus cúnamh tuismitheoireachta, sa mhéid go ndéantar na sochair sin do náisiúnaigh faoin dlí náisiúnta. Chun lánpháirtíú a éascú, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit coinníoll a dhéanamh de rannpháirtíocht éifeachtach an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta i mbearta lánpháirtíochta le fáil a bheith aige ar chúnamh sóisialta de chineálacha áirithe a shonraítear sa dlí náisiúnta, agus é sin i gcás dídeanaithe agus tairbhíthe de chosaint choimhdeach araon.
- (52) Ba cheart rochtain tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar chúram sláinte, lena n-áirítear cúram sláinte fisiciúla agus cúram meabhairshláinte, a áirithiú.
- (53) Chun lánpháirtíú tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta sa tsochaí a éascú, beidh rochtain ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar bhearta lánpháirtíochta, na rialacha mionsonraithe le socrú ag na Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht sna bearta lánpháirtíochta sin, amhail cúrsaí teanga, cúrsaí lánpháirtíochta saoránachta, gairmoiliúint agus cúrsaí eile a bhaineann le fostaíocht, a dhéanamh éigeantach.
- (54) Le faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ní mór meastóireacht a dhéanamh air go tráthrialta.

- (55) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun forálacha an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir le foirm agus inneachar na faisnéise atá le soláthar, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁴².
- (56) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá caighdeán a leagan síos i dtaca leis na Ballstáit cosaint idirnáisiúnta a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan Stát, i dtaca le stádas aonfhoirmeach le haghaidh dídeanaithe nó daoine atá i dteideal cosaint choimhdeach, agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur féidir, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin seo, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (57) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an dá Bhallstát sin gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

NÓ

[I gcomhréir le hAirteagal 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an dá Bhallstát sin rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

NÓ

[(XX) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

(XX) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an] gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

⁴² IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

NÓ

[(XX) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe [, le litir an ...] gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

(XX) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(58) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

CAIDIDL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 *Ábhar*

Leagtar síos leis an Rialachán seo caighdeáin i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- (a) (a) cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta;
- (b) stádas aonfhoirmeach do dhídeanaíthe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach;
- (c) a bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta a thugtar.

Airteagal 2 *Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘cosaint idirnáisiúnta’ stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí mar a shainmhínítear i bpointí (4) agus (6) iad;
- (2) ciallaíonn ‘tairbhí de chosaint idirnáisiúnta’ duine dár deonáíodh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí mar a shainmhínítear i bpointí (4) agus (6) iad;
- (3) ciallaíonn ‘dídeanaí’ náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;
- (4) ciallaíonn ‘stádas dídeanaí’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bheith aitheanta ag Ballstát mar dhídeanaí;
- (5) ciallaíonn ‘duine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát nach gcáilíonn mar dhídeanaí ach ar taispeánadh ina leith go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh an duine lena mbaineann, dá bhfillfeadh sé ar a thír thionscnaimh, nó, i gcás duine gan stát, dá bhfillfeadh sé ar an tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo, go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeodh sé díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 16 í, agus ar duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 18(1) agus (2) maidir leis, agus nach bhfuil in ann

nó, de bharr baoil den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin;

- (6) ciallaíonn ‘stádas cosanta coimhdí’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bheith aitheanta ag Ballstát mar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach;
- (7) ciallaíonn ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ iarraidh ó náisiúnach tríú tír nó ó dhuine gan stát ar chosaint Ballstáit, ar duine é is féidir a thuiscint mar dhuine atá ag iarraidh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí.
- (8) ciallaíonn ‘iarratasóir’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bhfuil iarratas déanta aige ar chosaint idirnáisiúnta agus nach bhfuil Cinneadh críochnaitheach déanta maidir leis an iarratas sin go fóill;
- (9) ciallaíonn ‘baill teaghlaigh’, sa mhéid gurbh ann cheana don teaghlach sular bhain an t-iarratasóir amach críoch na mBallstát, na baill seo a leanas de theaghlach an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta atá i láthair sa Bhallstát céanna i dtaca leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta:
 - (a) céile an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta nó a pháirtí neamhphósta a bhfuil caidreamh seasmhach ann eatarthu sa chás go ndéileáiltear i ndlí nó i gcleachtas an Bhallstáit lena mbaineann le lánúineacha neamhphósta ar dhóigh is inchomparáide leis an dóigh a ndéileáiltear le lánúineacha pósta faoina dhlí maidir le náisiúnaigh tríú tír;
 - (b) leanaí mionaoiseacha na lánúineacha dá dtagraítear i bpointe (a) nó leanaí mionaoiseacha an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta, ar choinníoll nach bhfuil siad pósta, is cuma cé acu a rugadh nó nár rugadh iad taobh istigh den phósadh nó is cuma cé acu a uchtaíodh nó nár uchtaíodh iad mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta;
 - (c) athair, máthair nó duine fásta eile atá freagrach as an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta, de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann, sa chás gur mionaoiseach é an t-iarratasóir agus nach bhfuil sé pósta;
- (10) ciallaíonn ‘mionaoiseach’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát faoi bhun 18 mbliana d’aois;
- (11) ciallaíonn ‘mionaoiseach neamhthionlactha’ mionaoiseach a bhaineann críoch na mBallstát amach gan tionlacan duine fhásta atá freagrach as de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann agus fad nach dtógtar go héifeachtach faoi chúram duine fhásta den sórt sin é, lena n-áirítear mionaoiseach a fhágtar gan tionlacan tar éis dó dul isteach i gcríoch na mBallstát;
- (12) ciallaíonn ‘cead cónaithe’ aon chead nó aon údarú a eisiúnn údaráis Ballstáit, i bhfoirm dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002⁴³ ón gComhairle, lena gceadaítear do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát cónaí i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann;

⁴³ IO L157, 15.6.2002, lch.1.

- (13) ciallaíonn ‘tír thionscnaimh’ an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo;
- (14) ciallaíonn ‘chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar’ an Cinneadh ó údarás inniúil an stádas dídeanaí nó an stádas cosanta coimhdí a chúlghairm, deireadh a chur leis an stádas nó diúltú an stádas a athnuachan;
- (15) ciallaíonn ‘iarratas ina dhiaidh sin’ iarratas eile ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar in aon Bhallstát tar éis Cinneadh críochnaitheach a bheith déanta i dtaobh iarratas roimhe sin, lena n-áirítear cás inar tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas uaidh siar go sainráite nó cás inar dhiúltaigh an t-údarás cinntitheach d’iarratas toisc gur iarratas é a éiríodh as nuair a rinneadh é a tharraingt siar go hintuigthe;
- (16) ciallaíonn ‘údarás cinntitheach’ aon chomhlacht garbhreithiúnach nó riaracháin i mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus atá inniúil chun cinntí a dhéanamh ag an gcéad chéim i gcásanna den sórt sin;
- (17) ciallaíonn ‘slándáil shóisialta’ na brainsí den tslándáil shóisialta mar a shainmhínítear iad i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴, lena gcumhdaítear sochair bhreitheachta; sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta; sochair easláine; sochair sheanaoise; sochair mharthanóirí; sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde; deontais bháis; sochair dhífhostaíochta, sochair réamhscoir agus sochair theaghlaigh;
- (18) ciallaíonn ‘cúnamh sóisialta’ sochair a dheonaítear i dteannta sochair shlándála sóisialta nó tharstu mar a shainmhínítear i bpointe (16) iad, chun a áirithiú go bhfreastalaítear ar riachtanais bhunúsacha na ndaoine sin nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu;
- (19) ciallaíonn ‘caomhnóir’ duine nó eagraíocht atá ceaptha ag na comhlachtaí inniúla chun cúnamh a thabhairt do mhionaoiseach neamhthionlactha agus chun ionadaíocht a dhéanamh dó i nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo d’fhonn leas an linbh a áirithiú agus chun inniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú don mhionaoiseach más gá.

Airteagal 3 ***Raon feidhme ábhartha***

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta agus maidir lena bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta a thugtar dóibh.
2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le stádais dhaonnúla náisiúnta eile a eisiúint na Ballstáit faoina ndlí náisiúnta do dhaoine nach gcáilíonn le haghaidh stádas dídeanaí ná stádas cosanta coimhdí. I gcás ina n-eiseofar stádais den sórt sin, eiseofar iad ar bhealach nach mbeidh aon bhaol ann go gceapfaí gur chosaint idirnáisiúnta iad.

⁴⁴ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

CAIBIDIL II

MEASÚNÚ AR IARRATAIS AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 4

Faisnéis a chur isteach agus measúnú a dhéanamh ar fhórais agus ar chúinsí

1. Cuirfidh an t-iarratasóir isteach na heilimintí uile atá ar fáil dó a léiríonn go bhfuil bunús leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Comhoibreoidh sé leis an údarás cinntitheach agus fanfaidh sé i láthair agus ar fáil i rith an nós imeachta.
2. Cuimseoidh na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 na ráitis ón iarratasóir agus na doiciméid uile atá ar fáil don iarratasóir maidir lena aois, a chúlra, lena n-áirítear aois agus cúlra a ghaolta ábhartha, a chéannacht, a náisiúntacht nó náisiúntachtaí, an tír nó tíortha agus an áit nó na háiteanna ina raibh cónaí air roimhe seo, iarratais a rinne sé cheana [ar chosaint idirnáisiúnta agus torthaí aon nós imeachta bhrostithe maidir le hathlonnú mar a shainmhínítear é i Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [an Rialachán maidir le hAthlonnú]], na bealaí taistil a lean sé, a dhoiciméid taistil agus na fáthanna a bhfuil sé ag déanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.
3. Déanfaidh an t-údarás cinntitheach measúnú ar na heilimintí ábhartha den iarratas i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le nósanna imeachta.]
4. Géarleanúint nó díobháil thromchúiseach a bheith fúlaingthe cheana ag an iarrathóir, nó bagairtí díreacha a bheith faighte aige i dtaobh géarleanúint nó díobháil thromchúiseach den sórt sin, measfar gur táscaire tromchúiseach é sin ar an eagla a bhfuil bunús maith léi atá ar an iarratasóir roimh ghéarleanúint nó ar an bhfíorbhaol díobháil tromchúiseach a fhulaingt, ach amháin má tá fáthanna maithe ann lena mheas nach ndéanfar an ghéarleanúint nó an díobháil tromchúiseach sin arís.
5. I gcás nach bhfuil fianaise dhoiciméadach ná fianaise eile ann le tacú le gnéithe de ráitis an iarratasóra, ní éileofar aon fhianaise bhreise maidir leis na ngnéithe sin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá iarracht dháiríre déanta ag an iarratasóir bunús a thabhairt lena iarratas;
 - (b) cuireadh isteach na heilimintí ábhartha uile atá ar fáil don iarratasóir agus tugadh míniú sásúil ar cén fáth a bhfuil aon eilimintí ábhartha eile in easnamh;
 - (c) meastar go bhfuil ráitis an iarratasóra comhleanúnach agus inchreidte agus nach bhfuil siad ag teacht salach ar an bhfaisnéis shonrach agus ghinearálta atá ar fáil faoi chás an iarratasóra;

- (d) rinne an t-iarratasóir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a luaith ab fhéidir, ach amháin sa chás gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint go raibh cúis mhaith aige gan é sin a dhéanamh;
- (e) deimhníodh creidiúnacht ghinearálta an iarratasóra.

Airteagal 5

Riachtanais cosanta idirnáisiúnta a thagann chun cinn ar an láthair

1. Féadfaidh eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint nó fíorbhaol díobháil thromchúiseach a fhulaingt, féadfaidh siad a bheith bunaithe ar eachtraí a tharla ó d'fhág an t-iarratasóir an tír thionscnaimh.
2. Féadfaidh eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint nó fíorbhaol díobháil thromchúiseach a fhulaingt, féadfaidh siad a bheith bunaithe ar ghníomhaíochtaí a raibh an t-iarratasóir páirteach iontu ó d'fhág sé an tír thionscnaimh, go háirithe i gcás ina bhfaighfear amach go léiríonn na ghníomhaíochtaí sin agus go leanann siad de chreideamh nó claonadh a bhí ag an duine sa tír thionscnaimh.
3. Gan dochar do Choinbhinsiún na Ginéive ná don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, de ghnáth ní dheonófar stádas dídeanaí ná stádas cosanta coimhdí d'iarratasóir a dhéanfaidh iarratas ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX [Rialachán maidir le nósanna imeachta] más rud é go bhfuil an baol géarleanúna nó díobhála tromchúisí bunaithe ar chúinsí de dhéantús an iarratasóra féin ar ar chinn sé ó d'fhág sé an tír thionscnaimh.

Airteagal 6

Gníomhaithe géarleanúna nó díobhála tromchúisí

Ní féidir a áireamh mar ghníomhaithe géarleanúna nó díobhála tromchúisí ach:

- (a) an Stát;
- (b) páirtithe nó eagraíochtaí a rialaíonn an Stát nó a rialaíonn cuid shubstantiúil de chríoch an Stáit;
- (c) gníomhaithe neamh-Stáit, sa chás gur féidir a léiriú nach bhfuil na gníomhaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b), lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, in ann nó nach bhfuil siad toilteanach cosaint a thabhairt ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach dá dtagraítear in Airteagal 7.

Airteagal 7

Gníomhaithe cosanta

1. Ní fhéadfaidh ach na gníomhaithe seo a leanas cosaint a thabhairt ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach:
 - (a) an Stát;

- (b) páirtithe nó eagraíochtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, a rialaíonn an Stát nó a rialaíonn cuid shubstaintiúil de chríoch an Stáit

ar choinníoll go bhfuil siad toilteanach agus in ann cosaint a thabhairt i gcomhréir le mír 2.

2. Is éifeachtach agus de chineál neamhshealadach a bheidh an chosaint ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach. Measfar gur soláthraíodh an chosaint sin i gcás ina ndéanann na gníomhaithe dá dtagraítear i mír 1 bearta réasúnta chun an ghéarleanúint nó fulaingt díobhála tromchúisí a chosc trí bhíthin, i measc nithe eile, córas dlí éifeachtach a fheidhmiú chun gníomhartha ar gníomhartha géarleanúna nó díobhála tromchúisí iad a bhrath, a ionchúiseamh agus a phionósú, agus i gcás go bhfuil rochtain ag an iarratasóir ar an gcosaint sin.
3. Le linn dóibh measúnú a dhéanamh an rialaíonn eagraíocht idirnáisiúnta Stát nó cuid shubstaintiúil de chríoch an Stáit agus an dtugann sí cosaint dá dtagraítear i mír 2, beidh aird ag údaráis chinntitheacha ar aon Treoir a thugtar i ndlí ábhartha an Aontais, go háirithe faisnéis a chuirtear ar fáil ar leibhéal an Aontais faoin tír thionscnaimh agus anailís choiteann ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann].

Airteagal 8 ***Cosaint inmheánach***

1. Mar chuid den mheasúnú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, cinntíodh an t-údarás cinntitheach nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth ar iarratasóir i gcás inar féidir leis an iarratasóir taisteal go sábháilte agus go dleathach chuig cuid den tír thionscnaimh, cead isteach sa chuid sin de tír a fháil agus gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go lonnóidh sé ann, agus más rud é sa chuid sin den tír:
- (a) nach bhfuil aon eagla a bhfuil bunús maith léi air roimh ghéarleanúint agus nach bhfuil sé i bhfíorbhaol díobháil thromchúiseach a fhulaingt; nó
- (b) go bhfuil cosaint ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach ar fáil dó.
2. Déanfar an measúnú an mbeidh cosaint idirnáisiúnta ar fáil nuair a bheidh sé deimhnithe ag an údarás cinntitheach go mbeadh feidhm ag na critéir cáilitheachta seachas sin. Is ar an údarás cinntitheach a bheidh an dualgas a léiriú go bhfuil cosaint inmheánach ar fáil. Ní cheanglófar ar an iarratasóir a chruthú gur thiail sé, roimh dó cosaint idirnáisiúnta a iarraidh, na féidearthachtaí uile chun cosaint a fháil ina thír thionscnaimh.
3. Agus scrúdú á dhéanamh an bhfuil eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint ar iarratasóir, an bhfuil iarratasóir i bhfíorbhaol díobháil thromchúiseach a fhulaingt, nó an bhfuil cosaint ag an iarratasóir ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach i gcuid den tír thionscnaimh i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh na húdaráis chinntitheacha, tráth a dhéanfaidh siad Cinneadh maidir leis an iarratas, aird ar na cúinsí ginearálta atá i réim sa chuid sin den tír agus ar chúinsí pearsanta an iarratasóra i gcomhréir le hAirteagal 4. Chuige sin, cinnteoidh na húdaráis chinntitheacha go bhfaightear faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta ó

gach foinse ábhartha, lena n-áirítear faisnéis ar leibhéal an Aontais faoin tír thionscnaimh agus an anailís choiteann ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [an Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] agus faisnéis agus Treoir arna n-eisiúint ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

4. Agus na cúinsí ginearálta á meas atá i réim sa chuid sin den tír arb í foinse na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 7 í, cuirfear inrochtaineacht, éifeachtacht agus marthanacht na cosanta sin san áireamh. Agus cúinsí pearsanta an iarratasóra á meas, déanfar go háirithe sláinte, aois, inscne, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus stádas sóisialta an iarratasóra a chur san áireamh maille le measúnú an gcuirfí cruatan míchuí ar an iarratasóir de dheasca a chónaithe sa chuid sin den tír thionscnaimh a mheastar a bheith sábháilte.

CAIBIDIL III

CÁILITHEACHT MAR DHÍDEANAÍ

Airteagal 9

Gníomhartha géarleanúna

1. Measfar go bhfuil gníomh ina ghníomh géarleanúna de réir bhrí Airteagal 1(A) den Choinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe arna dhéanamh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 (dá ngairtear “Coinbhinsiún na Ginéive” anseo feasta), i gcás:
 - (a) ina mbeidh sé tromchúiseach go leor de bharr a chineáil nó de bharr a athdhéanta le bheith ina shárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha an duine, go háirithe na cearta sin nach féidir maolú a dhéanamh orthu faoi Airteagal 15(2) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint; nó
 - (b) inarb é atá ann bearta éagsúla arna gcarnadh, lena n-áirítear sáruithe ar chearta an duine atá tromchúiseach go leor chun difear a dhéanamh do dhuine aonair ar bhealach atá cosúil leis an mbealach dá dtagraítear i bpointe (a).
2. Féadfar gníomhartha géarleanúna, mar a cháilítear i mír 1 iad, a bheith den sórt seo leanas, agus de shóirt eile:
 - (a) gníomhartha foréigin fhisicigh nó mheabhrach, lena n-áirítear gníomhartha foréigin ghnéasaigh;
 - (b) bearta dlíthiúla, riaracháin, póilíneachta agus/nó breithiúnacha atá idirdhealaitheach iontu féin nó a chuirtear chun feidhme ar bhealach idirdhealaitheach;
 - (c) ionchúiseamh nó pionós atá díréireach nó idirdhealaitheach;
 - (d) séanadh sásaimh bhreithiúnaigh arb é is toradh air pionós atá díréireach nó idirdhealaitheach;
 - (e) ionchúiseamh nó pionós i leith diúltú seirbhís mhíleata a dhéanamh le linn coinbhleachta, i gcás ina mbeadh coireanna nó gníomhartha atá faoi raon feidhme an fhorais le heisiamh mar a leagtar amach in Airteagal 12(2) é ina gcuid den seirbhís mhíleata sin;
 - (f) gníomhartha a bhaineann go sonrach le hinscne nó le leanaí.
3. I gcomhréir le pointe (3) d’Airteagal 2, ní mór baint a bheith ann idir na fáthanna a luaitear in Airteagal 10 agus na gníomhartha géarleanúna mar a cháilítear i mír 1 den Airteagal seo iad nó an easpa cosanta ar ghníomhartha den sórt sin.

Airteagal 10
Fáthanna le géarleanúint

1. Agus measúnú á dhéanamh ar na fáthanna le géarleanúint, cuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh:
 - (a) áireofar le coincheap an chine na tosca maidir le, go háirithe, dath, ginealach, nó ballraíocht i ngrúpa eitneach ar leith;
 - (b) cuimseoidh coincheap an reiligiún, go háirithe, creideamh diachúil, creideamh neamhdhiachúil nó creideamh aindiach a bheith ag duine, rannpháirtíocht i ngníomhartha adhartha go príobháideach nó go poiblí, ina aonar nó in éineacht le daoine eile, nó staonadh ó rannpháirtíocht i ngníomhartha den sórt sin, gníomhartha reiligiúnacha eile nó léirithe eile ar thuairimí reiligiúnacha, nó foirmeacha iompair phearsanta nó phobail atá bunaithe ar aon chreideamh reiligiúnach nó a shainordaíonn aon chreideamh reiligiúnach;
 - (c) ní bheidh coincheap na náisiúntachta teoranta don saoránacht ná d'easpa na saoránachta, ach áireofar leis, go háirithe, ballraíocht i ngrúpa a shainítear de réir a fhéiniúlachta cultúrtha, eitní nó teanga, de réir a bhunús chomhchoiteann gheografaigh nó pholaitiúil, nó de réir a bhainte le pobal Stáit eile;
 - (d) áireofar le coincheap an ghrúpa shóisialta áirithe na grúpaí seo a leanas go háirithe:
 - grúpa a bhfuil ag a chuid ball saintréith dhúchasach nó cúlra coiteann nach féidir a athrú, nó grúpa a bhfuil ag a chuid ball saintréith nó creideamh atá chomh bunúsach sin dá bhféiniúlacht nó dá gcoinsias nár cheart iallach a chur ar dhuine an tsaintréith nó an creideamh sin a thréigean, agus
 - go bhfuil ag an ngrúpa sin féiniúlacht ar leithligh sa tír ábhartha, toisc go mbraitear go bhfuil sé éagsúil leis an mórshochaí;ag brath ar na cúinsí sa tír thionscnaimh, d'fhéadfadh sé go gcuimseodh an coincheap grúpa atá bunaithe ar shaintréith choiteann a ngnéaschlaonta (téarma nach féidir a thuiscint as go gclúdaíonn sé gníomhartha a mheastar a bheith coiriúil i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát); measfar go cuí gnéithe a bhaineann le hinscne, lena n-áirítear féiniúlacht inscne, chun críocha ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe a Chinneadh nó chun críocha saintréith grúpa den sórt sin a shainaithint;
 - (e) áireofar le coincheap na tuairime polaitiúla, go háirithe, tuairim, smaoineamh nó creideamh a bheith ag duine maidir le hábhar a bhaineann leis na gníomhaithe féideartha géarleanúna a luaitear in Airteagal 6 agus maidir lena gcuid beartas nó modhanna, is cuma cé acu a rinne nó nach ndearna an t-iarratasóir gníomh i leith na tuairime, an smaoinimh nó an chreidimh sin.
2. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil eagla a bhfuil bunús maith léi ar iarratasóir roimh ghéarleanúint, is cuma an bhfuil ag an iarratasóir i ndáiríre an tsaintréith chiníoch, reiligiúnach, náisiúnta, shóisialta nó pholaitiúil is fáth na géarleanúna í, ar

choinníoll go gcuireann gníomhaí na géarleanúna saintréith den sórt sin i leith an iarratasóra.

3. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil eagla a bhfuil bunús maith léi ar iarratasóir roimh ghéarleanúint, ní féidir leis an údarás cinntitheach a bheith ag súil leis go réasúnach go n-iompróidh an t-iarratasóir é féin ar bhealach discréideach ná go staonfaidh sé ó chleachtais áirithe, i gcás inar cuid dhílis dá fhéiniúlacht iad iompraíocht nó cleachtais den sórt sin, chun an baol géarleanúna a sheachaint ina thír thionscnaimh.

Airteagal 11 **Scor**

1. Scoirfidh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát de bheith ina dhídeanaí i gcás ina mbeidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:
 - (a) tá leas bainte arís go deonach ag an duine as cosaint a thíre náisiúntachta;
 - (b) tar éis dó a náisiúntacht a chailliúint, tá sé faighte ar ais go deonach ag an duine;
 - (c) tá náisiúntacht nua faighte ag an duine, agus tá cosaint tír a náisiúntachta nua aige;
 - (d) tá an duine tar éis cur faoi go deonach sa tír a d'fhág sé nó sa tír ar fhan sé lasmuigh di mar gheall ar eagla roimh ghéarleanúint;
 - (e) ní féidir leis an duine, toisc go bhfuil deireadh leis na cúinsí ar aithníodh é mar dhídeanaí mar gheall orthu, leanúint a thuilleadh de dhiúltú leas a bhaint as cosaint thíre a náisiúntachta;
 - (f) i gcás duine gan stát, tá an duine in ann, toisc go bhfuil deireadh leis na cúinsí ar aithníodh é mar dhídeanaí mar gheall orthu, filleadh ar an tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo.

Ní bheidh feidhm ag pointe (e) ná ag pointe (f) maidir le dídeanaí atá in ann fáthanna doshéanta a thabhairt de thoradh géarleanúint a rinneadh air roimhe seo lena dhiúltú leas a bhaint as cosaint tír a náisiúntachta nó, i gcás duine gan stát, ní bheidh feidhm acu maidir le duine atá in ann fáthanna doshéanta a thabhairt de thoradh géarleanúint a rinneadh air roimhe seo lena dhiúltú leas a bhaint as cosaint na tíre ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo.

2. I gcás ina mbeidh feidhm ag pointe (e) agus ag pointe (f) de mhír 1, déanfaidh an t-údarás cinntitheach
 - (a) aird a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-athrú ar chúinsí chomh suntasach agus neamhshealadach sin nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil bunús maith leis an eagla atá ar an dídeanaí roimh ghéarleanúint;
 - (b) aird a thabhairt ar fhaisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta a fuarthas ó na foinsí ábhartha, lena n-áirítear faisnéis ar leibhéal an Aontais faoin tír

thionscnaimh agus an anailís choiteann ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [an Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] nó faisnéis agus Treoir arna n-eisiúint ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

Airteagal 12 **Eisiamh**

1. Déanfar náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a eisiamh ó bheith ina dhídeanaí más rud é:
 - (a) go bhfuil sé faoi raon feidhme Airteagal 1(D) de Choinbhinsiún na Ginéive a bhaineann le cosaint nó le cúnamh ó orgáin nó ó ghníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe seachas Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. I gcás ina bhfuil deireadh le cosaint nó le cúnamh den sórt sin ar aon chúis, gan seasamh daoine den sórt sin a bheith réitithe go cinnteach i gcomhréir leis na rúin ábhartha arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, beidh na daoine sin *ipso facto* i dteideal na dtairbhí a ghabhann leis an Rialachán seo;
 - (b) go bhfuil sé aitheanta ag údaráis inniúla na tíre ina ndeachaigh sé chun cónaithe go bhfuil aige na cearta agus go bhfuil air na hoibleagáidí a ghabhann le náisiúnacht na tíre sin a bheith ag duine, nó cearta agus oibleagáidí atá coibhéiseach leis na cearta agus leis na hoibleagáidí sin.
2. Déanfar náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a eisiamh ó bheith ina dhídeanaí i gcás ina bhfuil cúiseanna tromchúiseacha lena mheas:
 - (a) go ndearna sé coir in aghaidh na síochána, coir chogaidh, nó coir in aghaidh na daonnachta, mar a shainmhínítear iad sna hionstraimí idirnáisiúnta arna dtarraingt suas chun foráil a dhéanamh maidir le coireanna den sórt sin;
 - (b) go ndearna sé coir thromchúiseach neamhpholaitiúil lasmuigh den tír dhídeine sular ligeadh isteach é mar dhídeanaí, is é sin, tráth a eisíodh cead cónaithe dó bunaithe ar dheonú an stádais dídeanaí; féadfar gníomhartha an-chruálach, fiú má mhaítear gur chun críoch polaitiúla a rinneadh iad, a rangú mar choireanna tromchúiseacha neamhpholaitiúla;
 - (c) go raibh sé ciontach i ngníomhartha atá contrártha le cuspóirí agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe mar a leagtar amach iad sa Bhrollach agus in Airteagal 1 agus in Airteagal 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe.
3. Beidh feidhm ag mír 2 maidir le daoine a ghríosaíonn daoine eile leis na coireanna nó na gníomhartha a luaitear inti a dhéanamh, nó atá páirteach ar shlí eile iontu.
4. Agus é á mheas an bhfuil deireadh leis an gcosaint de bhun phointe (a) de mhír 1, gheobhaidh an t-údarás cinntitheach amach ar cuireadh iallach ar an duine lena mbaineann limistéar oibríochtaí an orgáin nó na gníomhaireachta lena mbaineann a fhágáil. Is amhlaidh gur cuireadh sa chás go raibh sábháilteacht phearsanta an duine i mbaol tromchúiseach agus nach raibh an t-orgán nó an ghníomhaireacht lena

mbaineann in ann a ráthú go mbeadh dálaí maireachtála an duine sa limistéar sin i gcomhréir leis an misean a leagadh ar an orgán nó ar an ngníomhaireacht sin.

5. Chun críocha phointe (b) agus phointe (c) de mhír 2, rangófar na gníomhartha seo a leanas mar choireanna tromchúiseacha neamhpholaitiúla:
 - (a) gníomhartha an-chruálacha i gcás ina bhfuil an gníomh lena mbaineann díréireach leis an gcuspóir polaitiúil atá in ainm is a bheith ann,
 - (b) gníomhartha sceimhlitheoireachta, a bhfuil foréigean in aghaidh pobail shibhialtacha mar shaintréith acu, fiú amháin sa chás go ndearnadh iad chun cuspóir atá in ainm a bheith polaitiúil a bhaint amach.
6. Beidh eisiamh duine ó stádas dídeanaí ag brath go heisiach ar na coinníollacha a leagtar amach i mír (1) go mír (5) a bheith comhlíonta agus ní bheidh sé faoi réir aon mheasúnaithe comhréireachta eile i dtaca leis an gcás lena mbaineann.

CAIBIDIL IV

STÁDAS DÍDEANAÍ

Airteagal 13 *Stádas dídeanaí a dheonú*

Deonóidh an t-údarás cinntitheach stádas dídeanaí do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát a cháilíonn mar dhídeanaí i gcomhréir le Caibidil II agus Caibidil III.

Airteagal 14 *Stádas dídeanaí a chúlghairm, deireadh a chur le stádas dídeanaí, nó diúltú stádas dídeanaí a athnuachan*

1. Cúlghairfidh an t-údarás cinntitheach an stádas dídeanaí atá ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, cuirfidh sé deireadh leis an stádas sin nó diúltóidh sé an stádas sin a athnuachan más rud é:
 - (a) nach bhfuil sé ina dhídeanaí a thuilleadh i gcomhréir le hAirteagal 11;
 - (b) gur cheart dó bheith eisiata ó bheith ina dhídeanaí, nó go bhfuil sé eisiata ó bheith ina dhídeanaí, i gcomhréir le hAirteagal 12;
 - (c) gur thug sé míléiriú ar na fíorais, lena n-áirítear doiciméid bhréagacha a úsáid, nó gur fhág sé fíorais ar lár, agus go raibh an méid sin ina thoisc chinntitheach an stádas dídeanaí a dheonú;
 - (d) go bhfuil foras réasúnta ann lena mheas go bhfuil sé ina chontúirt do shlándáil an Bhallstáit ina bhfuil sé i láthair;
 - (e) go bhfuil sé, tar éis é a bheith ciontaithe i gcoir an-tromchúiseach le breithiúnas deiridh, ina chontúirt do phobal an Bhallstáit ina bhfuil sé i láthair;
 - (f) go gcuirtear Airteagal 23(2) i bhfeidhm.
2. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (d) go pointe (f) de mhír 1, féadfaidh an t-údarás cinntitheach a Chinneadh gan stádas a dheonú do dhídeanaí sa chás nach ndearnadh Cinneadh den sórt sin go fóill.
3. Daoine a bhfuil feidhm ag pointe (d) go pointe (f) de mhír 1 nó de mhír 2 maidir leo, beidh siad i dteideal na gcearta a leagtar amach in Airteagail 3, 4, 16, 22, 31, 32 agus 33 de Choinbhinsiún na Ginéive, nó beidh siad i dteideal cearta atá cosúil leo, sa mhéid go bhfuil siad i láthair sa Bhallstát.
4. Gan dochar don dualgas atá ar an dídeanaí i gcomhréir le hAirteagal 4(1) na fíorais ábhartha uile a nochtadh agus na doiciméid ábhartha uile atá ar fáil dó a sholáthar, déanfaidh an t-údarás cinntitheach a dheonaigh an stádas dídeanaí a léiriú, ar bhonn an duine aonair, nach bhfuil an duine lena mbaineann ina dhídeanaí a thuilleadh, nó

nach raibh sé ina dhídeanaí riamh, ar na fáthanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

5. Cinntí ón údarás cinntitheach lena gcúlghairtear stádas dídeanaí, lena gcuirtear deireadh le stádas dídeanaí nó lena ndiúltaítear stádas dídeanaí a athnuachan de bhun phointe (a) de mhír 1, ní ghabhfaidh éifeacht leo ach trí mhí tar éis an Cinneadh a ghlacadh, chun deis a thabhairt don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát iarratas a dhéanamh ar chead cónaithe sa Bhallstát ar fhorais eile i gcomhréir leis an dlí ábhartha de chuid an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta.

Airteagal 15
Athbhreithniú ar stádas dídeanaí

Chun Airteagal 14(1) a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás cinntitheach athbhreithniú ar stádas dídeanaí, go háirithe:

- (a) i gcás ina dtabharfar le fios i bhfaisnéis ar leibhéal an Aontais faoin tír thionscnaimh agus san anailís choiteann ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [an Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] go bhfuil athrú suntasach atá ábhartha maidir le riachtanais chosanta an iarratasóra tagtha ar an tír thionscnaimh;
- (b) agus an cead cónaithe a eisíodh do dhídeanaí á athnuachan den chéad uair.

CAIBIDIL V

CÁILITHEACT DO CHOSAINT CHOIMHDEACH

Airteagal 16 ***Díobháil thromchúiseach***

Is éard is díobháil thromchúiseach ann dá dtagraítear in Airteagal 2(5):

- (a) pionós an bháis nó bású; nó
- (b) céasadh iarratasóra nó íde a thabhairt dó nó pionós a chur air atá mídhaonna nó táireach, sa tír thionscnaimh; nó
- (c) bagairt thromchúiseach shainiúil ar bheatha nó ar phearsa sibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí.

Airteagal 17 ***Scor***

1. Scoirfidh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát de bheith incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i gcás ina bhfuil deireadh leis na cúinsí ba chúis le deonú an stádaís cosanta coimhdí nó ina bhfuil siad athraithe chomh mór sin nach bhfuil cosaint ag teastáil a thuilleadh.
2. Déanfaidh an t-údarás cinntitheach:
 - (a) aird a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-athrú ar chúinsí chomh suntasach agus neamhshealadach sin nach bhfuil an duine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i bhfiorbhaol díobhála tromchúisí a thuilleadh;
 - (b) aird a thabhairt ar fhaisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta a fuarthas ó na foinsí ábhartha uile, lena n-áirítear faisnéis ar leibhéal an Aontais faoin tír thionscnaimh agus an anailís choiteann ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [an Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] nó faisnéis agus Treoir arna n-eisiúint ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le tairbhí de stádas cosanta coimhdí atá in ann fáthanna doshéanta a thabhairt de thoradh díobháil thromchúiseach a d'fhulaing sé roimhe seo lena dhiúltú leas a bhaint as cosaint thír a náisiúntachta nó, i gcás duine gan stát, ní bheidh feidhm acu maidir le duine atá in ann fáthanna doshéanta a thabhairt de thoradh díobháil thromchúiseach a d'fhulaing sé roimhe seo lena dhiúltú leas a bhaint as cosaint na tíre ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo.

Airteagal 18

Eisiamh

1. Déanfar náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a eisiamh ó bheith incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i gcás ina bhfuil cúiseanna tromchúiseacha ann lena mheas:
 - (a) go ndearna sé coir in aghaidh na síochána, coir chogaidh, nó coir in aghaidh na daonnachta, mar a shainmhínítear iad sna hionstraimí idirnáisiúnta arna dtarraingt suas chun foráil a dhéanamh maidir le coireanna den sórt sin;
 - (b) go ndearna sé coir thromchúiseach;
 - (c) go raibh sé ciontach i ngníomhartha atá contrártha le cuspóirí agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe mar a leagtar amach iad sa Bhrollach agus in Airteagal 1 agus in Airteagal 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe;
 - (d) go bhfuil sé ina chontúirt do phobal nó do shlándáil an Bhallstáit ina bhfuil sé i láthair;
 - (e) go ndearna sé, sular ligeadh isteach é sa Bhallstát lena mbaineann, coir amháin nó níos mó atá lasmuigh de raon feidhme phointí (a), (b) agus (c), ar coireanna iad a bheadh inphionóis le príosúnacht dá ndéanfaí iad sa Bhallstát lena mbaineann, agus má d'fhág sé a thír thionscnaimh chun smachtbhannaí a sheachaint a d'eascair as na coireanna sin agus chun na críche sin amháin.
2. Beidh feidhm ag pointe (a) go pointe (d) de mhír 1 maidir le daoine a ghríosaíonn daoine eile leis na coireanna nó na gníomhartha a luaitear iontu a dhéanamh, nó atá páirteach ar shlí eile iontu.

CAIBIDIL VI

STÁDAS COSANTA COIMHDÍ

Airteagal 19

Stádas cosanta coimhdí a dheonú

Deonóidh an t-údarás cinntitheach stádas cosanta coimhdí do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i gcomhréir le Caibidil II agus Caibidil V.

Airteagal 20

Stádas cosanta coimhdí a chúlghairm, deireadh a chur le stádas cosanta coimhdí, nó diúltú stádas cosanta coimhdí a athnuachan

1. Cúlghairfidh an t-údarás cinntitheach an stádas cosanta coimhdí atá ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, cuirfidh sé deireadh leis an stádas nó diúltóidh sé an stádas a athnuachan más rud é:
 - (a) nach bhfuil an duine sin incháilithe a thuilleadh le haghaidh cosaint choimhdeach i gcomhréir le hAirteagal 17;
 - (b) tar éis do stádas cosanta coimhdí a bheith deontaithe dó, gur cheart dó bheith eisiata, nó go bhfuil sé eisiata ó bheith incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i gcomhréir le hAirteagal 18;
 - (c) gur thug sé míléiriú ar na fíorais, lena n-áirítear doiciméid bhréagacha a úsáid, nó gur fhág sé fíorais ar lár, agus go raibh an méid sin ina thoisc chinntitheach an stádas cosanta coimhdí a dheonú;
 - (d) go gcuirtear Airteagal 23(2) i bhfeidhm.
2. Gan dochar don dualgas atá ar an náisiúnach tríú tír nó ar an duine gan stát de bhun Airteagal 4(1) na fíorais ábhartha uile a nochtadh agus na doiciméid ábhartha uile atá ar fáil dó a sholáthar, déanfaidh an Ballstát a dheonaigh an stádas cosanta coimhdí a léiriú, ar bhonn an duine aonair, nach bhfuil an duine lena mbaineann incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach a thuilleadh nó nach bhfuil sé incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.
3. Cinntí ón údarás cinntitheach lena gcúlghairtear stádas cosanta coimhdí, lena gcuirtear deireadh le stádas cosanta coimhdí nó lena ndiúltaítear stádas cosanta coimhdí a athnuachan de bhun mhír 1 (a), ní ghabhfaidh éifeacht leo ach trí mhí tar éis an Cinneadh a dhéanamh, chun deis a thabhairt don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát iarratas a dhéanamh ar chead cónaithe sa Bhallstát ar fhoras eile i gcomhréir leis an dlí ábhartha de chuid an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta.

Airteagal 21
Athbhreithniú ar an stádas cosanta coimhdí

Chun Airteagal 20(1) a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás cinntitheach athbhreithniú ar an stádas cosanta coimhdí, go háirithe:

- (a) i gcás ina dtabharfar le fios i bhfaisnéis ar leibhéal an Aontais faoin tír thionscnaimh agus san anailís choiteann ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XX [an Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann] go bhfuil athrú suntasach atá ábhartha maidir le riachtanais chosanta an iarratasóra tagtha ar an tír thionscnaimh,
- (b) agus an cead cónaithe a eisíodh do thairbhí de chosaint choimhdeach á athnuachan den chéad uair agus den dara huair.

CAIBIDIL VII

A BHFUIL SNA CEARTA COSANTA IDIRNÁISIÚNTA ATÁ AG TAIRBHITHE DE CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA AGUS NA hOIBLEAGÁIDÍ ATÁ ORTHU

ROINN I *FORÁLACHA COITEANNA*

Airteagal 22 *Rialacha ginearálta*

1. Beidh ag dídeanaithe agus ag daoine ar deonáíodh stádas cosanta coimhdí dóibh na cearta, is beidh orthu na hoibleagáidí, a leagtar síos sa Chaibidil seo. Beidh an Chaibidil seo gan dochar do na cearta agus do na hoibleagáidí a leagtar síos i gCoinbhinsiún na Ginéive.
2. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le dídeanaithe agus le daoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach mura luaitear a mhalairt.
3. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in oibleagáidí idirnáisiúnta, is gá cead cónaithe a eisiúint roimh ré chun sochair a dheonú maidir le rochtain ar fhostaíocht agus ar shlándáil shóisialta.
4. Agus forálacha na Caibidle seo á gcur i bhfeidhm, cuirfear san áireamh cás sonracha na ndaoine ag a bhfuil riachtanais speisialta, amhail mionaoisigh, mionaoisigh neamhthionlactha, daoine faoi mhíchumas, daoine aosta, mná torracha, tuismitheoirí aonair ag a bhfuil leanaí mionaoiseacha, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, daoine ar a bhfuil neamhord meabhrach agus daoine ar a ndearnadh céasadh, éigniú nó foirmeacha tromchúiseacha eile d'fhoréigean síceolaíoch, fisiceach nó gnéasach, ar choinníoll go ndeimhneofar le meastóireacht shainiúil ar a gcás go bhfuil riachtanais speisialta acu.
5. Agus na forálacha den Chaibidil seo a bhaineann le mionaoisigh á gcur i bhfeidhm, tabharfaidh na húdaráis ábhartha tús áite do leas an linbh.

Airteagal 23 *Cosaint ar refoulement*

1. Urramóidh Ballstáit an prionsabal *non-refoulement* i gcomhréir lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta.
2. I gcás nach mbeidh toirmeasc air de thoradh na n-oibleagáidí idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1, féadfar *refoulement* a dhéanamh ar dhídeanaí nó ar thairbhí de chosaint choimhdeach, bíodh sé aitheanta go foirmiúil nó ná bíodh, más rud é:

- (a) go bhfuil foras réasúnta ann lena mheas go bhfuil sé ina chontúirt do shlándáil an Bhallstáit ina bhfuil sé i láthair;
- (b) go bhfuil sé, tar éis é a chiontú i gcoir an-tromchúiseach le breithiúnas deiridh, ina chontúirt do phobal an Bhallstáit sin.

Sna cásanna sin, tarraingeofar siar freisin an stádas dídeanaí nó an stádas cosanta coimhdí i gcomhréir le hAirteagal 14 nó Airteagal 20 faoi seach.

Airteagal 24 **Faisnéis**

Tabharfaidh na húdaráis inniúla faisnéis do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta faoi na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le stádas dídeanaí nó le stádas cosanta coimhdí a luaithis is féidir tar éis an stádas sin a dheonú. Tabharfar an fhaisnéis sin i dteanga ar féidir leis an tairbhí í a thuiscint nó ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go dtuigfidh an tairbhí í agus déanfar tagairtí follasacha inti do na hiarmhairtí a leanann neamh-chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 28 maidir le gluaiseacht laistigh den Aontas.

Cinnfidh an Coimisiún foirm agus ábhar na faisnéise sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le nósanna imeachta].

Airteagal 25 **Aontacht teaghlaigh a choinneáil**

1. Baill teaghlaigh tairbhí de chosaint idirnáisiúnta nach gcáilíonn ina n-aonar le haghaidh na cosanta sin, beidh siad i dteideal cead cónaithe a éileamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta agus sa mhéid go luíonn sé sin le stádas dlíthiúil pearsanta an bhaill teaghlaigh.
2. Beidh cead cónaithe arna eisiúint de bhun mhír 1 ar aon fhad leis an gcead cónaithe arna eisiúint don tairbhí de chosaint idirnáisiúnta agus beidh sé in-athnuaite. I bprionsabal, ní mhairfidh tréimhse bailíochta an cheada cónaithe arna dheonú don bhall teaghlaigh níos faide ná dáta éaga an cheada cónaithe atá ag an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta.
3. Ní eiseofar aon chead cónaithe do bhall teaghlaigh i gcás ina bhfuil nó ina mbeadh an ball teaghlaigh sin eisiata ó chosaint idirnáisiúnta de bhun Chaibidil III agus Chaibidil V.
4. I gcás inar gá ar chúiseanna slándála náisiúnta nó ar chúiseanna oird phoiblí, ní eiseofar cead cónaithe do bhall teaghlaigh agus tarraingeofar siar na ceadanna cónaithe sin atá eisithe cheana nó ní dhéanfar iad a athnuachan.
5. Baill teaghlaigh a n-eiseofar cead cónaithe dóibh de bhun mhír 1, beidh siad i dteideal na gceart dá dtagraítear in Airteagail 27 go 39.
6. Féadfaidh na Ballstáit a Chinneadh freisin go bhfuil feidhm ag an Airteagal seo maidir le garghaolta eile a bhí ina gcónaí le chéile mar chuid den teaghlach tráth a d'fhág siad an tír thionscnaimh nó sular bhain an t-iarraitasóir críoch na mBallstát

amach, agus a bhí go hiomlán nó go príomha i gcleithiúnas an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta ag an am sin.

ROINN II

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ A BHAINNEANN LE CÓNAÍ AGUS LE FANACHT

Airteagal 26

Ceada cónaithe

1. Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis cosaint idirnáisiúnta a dheonú, eiseofar cead cónaithe trí úsáid a bhaint as an bhformáid aonfhoirmeach a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002.
 - (a) I gcás tairbhithe de stádas dídeanaí, beidh tréimhse bailíochta trí bliana ag an gcead cónaithe agus beifear in ann é a athnuachan ina dhiaidh sin ar feadh tréimhsí trí bliana.
 - (b) I gcás tairbhithe de stádas cosanta coimhdí, beidh tréimhse bailíochta aon bhliain amháin ag an gcead cónaithe agus beifear in ann é a athnuachan ina dhiaidh sin ar feadh tréimhsí dhá bhliain.
2. Ní dhéanfar cead cónaithe a athnuachan nó cúlghairfear é sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina gcúlghairfidh údaráis inniúla an stádas dídeanaí nó an stádas cosanta coimhdí atá ag náisiúnach tríú tír, ina gcuirfidh siad deireadh leis an stádas sin nó ina ndiúltóidh siad an stádas sin a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 14 nó i gcomhréir le hAirteagal 20 faoi seach;
 - (b) i gcás ina gcuirfear Airteagal 23(2) i bhfeidhm;
 - (c) i gcás inar gá ar chúiseanna slándála náisiúnta nó ar chúiseanna oird phoiblí.
3. Agus Airteagal 14(5) agus Airteagal 20(3) á gcur i bhfeidhm, is tar éis dhul in éag na tréimhse trí mhí dá dtagraítear sna forálacha sin, agus tar éis sin amháin, a chúlghairfear an cead cónaithe.

Airteagal 27

Doiciméad Taistil

1. Eiseoidh údaráis inniúla doiciméid taistil do thairbhithe de stádas dídeanaí san fhoirm a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann le Coinbhinsiún na Ginéive agus de réir na ngnéithe slándála íosta agus na bithmhéadrachta íosta a leagtar amach i

Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle⁴⁵. Beidh na doiciméid taistil sin bailí ar feadh bliain amháin ar a laghad.

2. Déanfaidh údarais inniúla doiciméid taistil ina gcuimseofar na gnéithe slándála íosta agus an bhithmhéadracht íosta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 a eisiúint do thairbhíthe de stádas cosanta coimhdí nach bhfuil in ann pas náisiúnta a fháil. Beidh na doiciméid sin bailí ar feadh bliain amháin ar a laghad.
3. Ní eiseofar na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i gcás inar gá sin ar chúiseanna doshéanta slándála náisiúnta nó oird phoiblí.

Airteagal 28

Saoirse gluaiseachta laistigh den Bhallstát

1. Beidh ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta saoirse gluaiseachta laistigh de chríoch an Bhallstáit a thug cosaint idirnáisiúnta dóibh, lena n-áirítear an ceart chun a n-áit chónaithe sa chríoch sin a roghnú faoi na coinníollacha agus na srianta céanna atá i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír eile atá ina gcónaí go dleathach ina gcríoch agus atá i gcor inchomparáide.
2. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in oibleagáidí idirnáisiúnta, ní fhéadfar coinníollacha cónaithe a fhorchur ar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta a fhaigheann sochair slándála sóisialta nó sochair cúnaimh shóisialta de chineál sonrach áirithe, ach amháin i gcás inar gá na coinníollacha cónaithe sin ionas go n-éascófar lánpháirtiú an tairbhí sa Bhallstát a dheonaigh an chosaint.

Airteagal 29

Gluaiseacht laistigh den Aontas

1. Ní bheidh sé de cheart ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta cónaí i mBallstáit eile seachas an Ballstát a thug cosaint dóibh. Tá sé sin gan dochar dá gceart chun iarratas a dhéanamh cónaí i mBallstáit eile agus chun cead a fháil chuige sin de bhun na bhforálacha ábhartha de dhlí an Aontais agus den dlí náisiúnta ná dá gceart chun gluaiseacht faoi shaoirse i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 21 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme.
2. I gcás ina n-aimseofar tairbhí i mBallstát seachas an Ballstát a thug cosaint dó gan an ceart a bheith aige fanacht ná cónaí ann i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais nó an dlí ábhartha náisiúnta, beidh sé faoi réir nós imeachta um athligéan isteach mar a shainmhínítear é faoi Airteagal 20(1)(e) de Rialachán Bhaile Átha Cliath (AE) Uimh. xxx/xxx.

⁴⁵

Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpassanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1)

ROINN III

CEARTA A BHAINNEANN LE LÁNPHÁIRTIÚ

Airteagal 30

Rochtain ar fhostaíocht

1. Beidh sé de cheart ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, lom láithreach tar éis cosaint a dheonú, gabháil do ghníomhaíochtaí fostaithe nó féinfhostaithe faoi réir na rialacha is infheidhme i gcoitinne maidir leis an ngairm agus leis an tseirbhís phoiblí.
2. Beidh an chóir a chuirfear ar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta comhionann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) coinníollacha oibre, lena n-áirítear pá agus dífhostú, uaireanta oibre, saoire, laethanta saoire agus riachtanais sláinte agus sábháilteachta san áit oibre;
 - (b) saoirse comhlachais agus cleamhnachta, agus ballraíocht d'eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe nó d'fhostóirí nó ballraíocht d'aon eagraíocht a bhfuil a cuid ball fostaithe i ngairm ar leith, lena n-áirítear na sochair a chuireann na heagraíochtaí sin ar fáil;
 - (c) deiseanna oideachais do dhaoine fásta a bhaineann le fostaíocht, gairmoiliúint, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna chun scileanna a uasghrádú, agus taithí phraiticiúil san áit oibre;
 - (d) seirbhísí comhairle a chuireann oifigí fostaíochta ar fáil.
3. Más gá, éascóidh údaráis inniúla an rochtain iomlán ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír (2)(c) agus (d).

Airteagal 31

Rochtain ar oideachas

1. Beidh rochtain iomlán ag mionaoisigh ar deonáidh cosaint idirnáisiúnta dóibh ar an gcóras oideachais faoi na coinníollacha céanna atá i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint.
2. Beidh rochtain ag daoine fásta ar deonáidh cosaint idirnáisiúnta dóibh ar an gcóras oideachais ghinearálta, ar bhreisoiiliúint nó ar athoiliúint faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach sa Bhallstát sin agus atá i gcor inchomparáide.

Airteagal 32

Rochtain ar nósanna imeachta le haghaidh cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú

1. Beidh an chóir a chuirfear ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta comhionann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint maidir leis na nósanna imeachta atá ann chun dioplómaí eachtracha, deimhnithe eachtracha agus fianaise eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint.
2. Éascóidh na húdaráis inniúla rochtain iomlán ar na nósanna imeachta a luaitear i mír 1 do na tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta sin nach féidir leo fianaise dhoiciméadach ar a gcuid cáilíochtaí a sholáthar, gan dochar d'Airteagail 2(2) agus 3(3) de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶.
3. Beidh an chóir a chuirfear ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta comhionann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint maidir le rochtain ar scéimeanna cuí chun an fhoghlaím agus an taithí a fuair siad roimhe seo a mheasúnú, a bhailíochtú agus a chreidiúnú.

Airteagal 33

Slándáil shóisialta

Beidh an chóir a chuirfear ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta comhionann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint maidir le slándáil shóisialta.

Airteagal 34

Cúnamh sóisialta

1. Beidh an chóir a chuirfear ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta comhionann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint maidir le cúnamh sóisialta.

Féadfar rannpháirtíocht éifeachtach an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta i mbearta lánpháirtíochta a bheith ina coinníoll ar rochtain ar chúnamh sóisialta áirithe a shonraítear sa dlí náisiúnta.
2. I gcás tairbhíthe de stádas cosanta coimhdí, féadfaidh na Ballstáit cúnamh sóisialta a theorannú do na príomhshochair.

Airteagal 35

Cúram sláinte

1. Beidh rochtain ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar chúram sláinte faoi na coinníollacha incháilitheachta céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit a dheonaigh an chosaint sin.

⁴⁶ Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint ([IO L 255, 30.9.2005, lch. 22](#)).

2. Tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta ag a bhfuil riachtanais speisialta, amhail mná torracha, daoine faoi mhíchumas, daoine ar a ndearnadh céasadh, éigniú nó cineálacha tromchúiseacha eile d'fhoréigean síceolaíoch, fisiceach nó gnéasach agus mionaoisigh arbh íospartaigh aon chineál mí-úsáide, faillí, dúshaothraithe nó céasta iad nó dar tugadh íde a bhí cruálach, mídhonna nó táireach, nó a d'fhulaing de dheasca coinbhleacht armtha, tabharfar cúram sláinte cuí dóibh, lena n-áirítear cóireáil in aghaidh neamhoird mheabhrach más gá, ar na coinníollacha incháilitheachta céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit a thug cosaint.

Airteagal 36

Mionaoisigh neamhthionlactha

1. A luaithe is féidir tar éis cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus laistigh de chúig lá oibre ar a dhéanaí, mar a leagtar amach in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[an Rialachán maidir le nósanna imeachta], déanfaidh údaráis inniúla na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil ionadaíocht á déanamh do mhionaoisigh neamhthionlactha ag caomhnóir dlíthiúil nó, más gá, ag eagraíocht atá freagrach as cúram a thabhairt do mhionaoisigh agus as a bhfolláine, nó ag ionadaíocht iomchuí eile, lena n-áirítear ionadaíocht atá bunaithe ar reachtaíocht nó ar ordú cúirte.

I gcás ina gceapfar eagraíocht ina caomhnóir, ainmneoidh sí, a luaithe is féidir, duine a bheidh freagrach as dualgaís an chaomhnóra a chomhlíonadh i leith an mhionaoisigh neamhthionlactha i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Beidh sé de dhualgas ar an gcaomhnóir a cheapfar a áirithiú go bhfuil fáil ag an mionaoiseach ar na cearta go léir atá aige de bhun an Rialacháin seo. Déanfaidh na húdaráis iomchuí measúnú tráthrialta ar fheidhmíocht an chaomhnóra atá ceaptha.
3. Cuirfear mionaoisigh neamhthionlactha faoi chúram ar cheann de na bealaí seo a leanas:
 - (a) le gaol ar duine fásta é;
 - (b) le teaghlach altrama;
 - (c) in ionaid atá speisialaithe i gcóiríocht do mhionaoisigh;
 - (d) i gcóiríocht eile atá oiriúnach do mhionaoisigh.

Cuirfear tuairimí an mhionaoisigh san áireamh i gcomhréir lena aois agus a aibíocht.

4. A mhéid is féidir é, coinneofar siblínní le chéile, agus aird á tabhairt ar leas an mhionaoisigh lena mbaineann agus, go háirithe, ar a aois agus a aibíocht. Athrófar áit chónaithe mionaoiseach neamhthionlactha a laghad is féidir.
5. Más rud é go bhfuil cosaint idirnáisiúnta deonaithe do mhionaoiseach neamhthionlactha agus nár cuireadh tús lena bhaill teaghlaigh a lorg go fóill, cuirfidh údaráis inniúla tús le iad a lorg a luaithe is féidir tar éis cosaint idirnáisiúnta a dheonú, agus leas an mhionaoisigh á chosaint ag an am céanna. Má tá tús curtha leis an lorgaireacht cheana féin, leanfar ar aghaidh di más iomchuí. I gcásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh bagairt ann ar bheatha nó ar shláine an mhionaoisigh nó ar gharghaolta leis, go háirithe i gcásanna inar fhan siad sa tír thionscnaimh, ní mór

bheith cúramach agus a áirithiú gur ar bhonn rúnda a dhéantar bailiú, próiseáil agus scaipeadh na faisnéise a bhaineann leis na daoine sin.

6. Cuirfear oiliúint leanúnach iomchuí i gcearta agus i riachtanais na mionaoiseach ar na daoine agus ar na heagraíochtaí a oibríonn le mionaoisigh neamhthionlactha agus urramófar caighdeán chosanta leanaí dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[an Rialachán maidir le nósanna imeachta].

Airteagal 37

Rochtain ar chóiríocht

1. Beidh rochtain ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar chóiríocht ar choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír eile atá ina gcónaí i gcríocha na mBallstát agus atá i gcor inchomparáide.
2. Déanfar cleachtais náisiúnta maidir le scaipeadh tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta a chur i gcrích a mhéid is féidir gan idirdhealú a dhéanamh ar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta agus cinnteofar iontu comhdheiseanna maidir le rochtain ar chóiríocht.

Airteagal 38

Rochtain ar bhearta lánpháirtíochta

1. Chun lánpháirtiú tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta sa tsochaí a éascú, beidh rochtain ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar bhearta lánpháirtíochta a chuirfidh na Ballstáit ar fáil, go háirithe cúrsaí teanga, clár treoraithe agus lánpháirtíochta saoránachta agus gairmoiliúint ina gcuirfear a riachtanais shonracha san áireamh.
2. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht i mbearta lánpháirtíochta a dhéanamh éigeantach.

Airteagal 39

Aisdúichiú

Tabharfar cúnamh do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta ar mian leo a n-aisdúichiú.

CAIBIDIL VIII

COMHAR RIARACHÁIN

Airteagal 40 **Comhar**

Déanfaidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta a cheapadh agus cuirfidh sé seoladh an phointe teagmhála náisiúnta sin in iúl don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl do na Ballstáit eile.

Déanfaidh na Ballstáit, i gcaidreamh leis an gCoimisiún, gach beart iomchuí chun comhar díreach agus malartú faisnéise a chur ar bun idir na húdaráis inniúla.

Airteagal 41 **Foireann**

Beidh an oiliúint is gá curtha ar údaráis agus ar eagraíochtaí eile a bheidh ag cur fhorálacha an Rialacháin seo i bhfeidhm, nó cuirfear an oiliúint sin orthu, agus beidh siad faoi cheangal ag prionsabal na rúndachta, mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta é, i dtaca le haon fhaisnéis a fhaigheann siad le linn a gcuid oibre.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 42

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste [arna bhunú ag Airteagal 58 de xxx de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX [an Rialachán maidir le nósanna imeachta]] cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

Airteagal 43

Faireachán agus meastóireacht

Tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus, más iomchuí, molfaidh sé na leasuithe is gá.

Tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dhul in éag don teorann ama sin, cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún an fhaisnéis iomchuí uile le haghaidh ullmhú na tuarascála sin.

Airteagal 44

Leasú ar Threoir 2003/109/AE

1. In Airteagal 4 de Threoir 2003/109/AE, cuirtear mír 3a isteach mar seo a leanas:

“3a. I gcás ina n-aimseofar tairbhí de chosaint idirnáisiúnta i mBallstát seachas an Ballstát a thug cosaint idirnáisiúnta dó gan ceart aige fanacht ná cónaí ann i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais nó leis an dlí ábhartha náisiúnta, ní dhéanfar an tréimhse fanachta dleathaí roimh chás den sórt sin a chur san áireamh agus an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.”

2. Cuirtear Airteagal 26a isteach mar a leanas:

“Airteagal 26a

Trasuíomh Airteagal 4(3a)

Déanfaidh Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 4(3a) den Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí. Déanfaidh siad an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis an méid sin láithreach.”

Airteagal 45

Aisghairm

Déantar Treoir 2011/95/CE a aisghairm le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 46

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh tús le feidhm an Rialacháin seo an [sé mhí tar éis a theacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

[...]